# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/704 ÓN gCOIMISIÚN

## an 10 Aibreán 2025

## lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2014/762/AE agus (AE) 2019/1310 ón gCoimisiún

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)2130)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 1(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, neartófar an comhar idir an tAontas agus na Ballstáit agus éascófar comhordú i réimse na cosanta sibhialta chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras chun tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéanamh an duine a chosc agus chun ullmhú agus freagairt dóibh.

(2) Trí Chinneadh (AE) 2019/420 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh ([2]), leasaíodh Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE chun Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a neartú trí chúnamh airgeadais an Aontais don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta ('DECS') a mhéadú agus trí rescEU a bhunú mar chúltaca d'acmhainneachtaí cosanta sibhialta an Aontais, i measc nithe eile. Roimhe sin, glacadh Cinntí Cur Chun Feidhme 2014/762/AE ([3]), (AE) 2018/142 ([4]) agus (AE) 2019/1310 ([5]) ón gCoimisiún chun creat a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

(3) Chun an creat dlíthiúil a eascraíonn as an leasú ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a chur chun feidhme i gceart, ba cheart na rialacha cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe chun sainmhínithe agus forálacha a sholáthar maidir le foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta ('FCTT'), Foireann an Aontais um Chosaint Shibhialta, lena n-áirítear a gclárú, acmhainneachtaí freagartha eile, mar aon le tagairt a dhéanamh go comhsheasmhach do DECS agus rescEU, rialacha a thabhairt cothrom le dáta maidir le deimhniú, clárú agus deonú acmhainneachtaí faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, foráil a dhéanamh maidir le rialacha soiléire maidir le Tacaíocht an Óstnáisiúin, agus nós imeachta simplithe um chúnamh ón Aontas a iarraidh agus a fháil.

(4) Chun rochtain ar na forálacha atá in dhá Chinneadh Cur Chun Feidhme faoi láthair a shimpliú agus a éascú, ba cheart iad a chumasc in aon ghníomh amháin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/420 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2019 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 77I, 20.3.2019, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/420/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2014/762 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/277/CE, Euratom agus 2007/606/CE, Euratom ón gCoimisiún (*IO L 320, 6.11.2014, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2014/762/oj*).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/142 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 25, 30.1.2018, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/142/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1310 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an Díorma Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus rescEU (IO L 204, 2.8.2019, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1310/oj).

(5) Is gné bhunriachtanach de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta é an Comhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála ('CECIS'). Ráthaítear leis barántúlacht, sláine agus rúndacht na faisnéise a mhalartaítear idir na Ballstáit i ngnáthdhálaí agus i gcásanna éigeandála araon. I bhfianaise na gceanglas sonrach maidir le freagairt do theagmhais truaillithe mhuirí, ba cheart leagan ar leith de CECIS a choinneáil ar bun, ar leagan é lena soláthraítear rochtain do rúnaíochtaí na gcoinbhinsiún maidir le farraigí réigiúnacha agus do thríú tíortha a roinneann imchuach réigiúnach farraige leis an Aontas.

(6) Chun éifeachtacht oibríochtúil a áirithiú, ba cheart íoscheanglais a chinneadh do na hacmhainneachtaí freagartha dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Ba cheart acmhainneacht freagartha a bheith neamhthuilleamaíoch agus neamhspleách ar aon tacaíocht arna soláthar ag an tír a thairbhíonn dá hoibriú. Leis na rialacha maidir le neamhthuilleamaíocht, ba cheart eilimintí a cheadú atá riachtanach chun oibríocht neamhthuilleamaíoch a shocrú nó a fháil sa tír a fhaigheann an cúnamh.

(7) Ba cheart nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin a bhunú chun a dheimhniú go gcomhlíonann acmhainneachtaí freagartha sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta ('DECS') na ceanglais is gá.

(8) Mar gheall ar chastacht agus cineál ilchomhpháirte roinnt acmhainneachtaí rescEU agus na ceanglais idir-inoibritheachta dá gcomhpháirteanna, ní bheidh gá le deimhniú d'acmhainneachtaí rescEU ach amháin i gcás na n-acmhainneachtaí sin a shainaithníonn an Coimisiún. Sainaithneofar na hacmhainneachtaí a mbeidh deimhniú ag teastáil ina leith tar éis plé a dhéanamh le saineolaithe ó na Ballstáit i sainghrúpa ábhartha an Choimisiúin. Bunaithe ar an tsainaithint sin, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar acmhainneachtaí ábhartha rescEU dul faoi phróiseas deimhniúcháin an Aontais mar atá sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta. Ós rud é gur rogha dheiridh é cúltaca rescEU le haghaidh cúnaimh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, féadfar acmhainneachtaí rescEU atá i mbun deimhniú an Aontais a thabhairt chun críche a imscaradh fós, más gá.

(9) Ba cheart an coincheap maidir le réamhghealltanais acmhainneachtaí freagartha DECS a shainiú toisc, de bhun Airteagal 23(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, go mbraitheann méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas chun acmhainneachtaí freagartha a imscaradh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ar cé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainneachtaí freagartha réamhghealllta do DECS.

(10) De bhun Airteagal 21(2), pointe (c), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, tá acmhainneachtaí freagartha a thairbhíonn de thacaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh costais oiriúnaithe le cur ar fáil mar chuid de DECS ar feadh íostréimhse. Tá an íostréimhse sin le nascadh leis an gcistiú a fuarthas agus tá sí le bheith idir 3 agus 10 mbliana ag tosú ó dháta infhaighteachta éifeachtach na hacmhainneachta freagartha, ach amháin i gcás ina bhfuil a saolré eacnamaíoch níos giorra. Ba cheart tréimhse bheacht an ghealltanais a shonrú chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú.

(11) Chun go mbeidh saoránaigh in ann torthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a fheiceáil, ba cheart socruithe infheictheachta iomchuí a sholáthar d'acmhainneachtaí freagartha DECS agus rescEU a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí freagartha.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 12(5) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh in úsáid náisiúnta acmhainneachtaí rescEU i gcás nach n-úsáidtear iad nó nach bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit a bhfuil acmhainneachtaí rescEU de chineál tomhaltáin á n-óstáil acu na hacmhainneachtaí sin a dheonú.

(13) Is é is aidhm don fhéidearthacht sin bainistiú inbhuanaithe stoc-charn rescEU a áirithiú maidir le hacmhainneachtaí ar féidir coinne a bheith leis nach n-úsáidfear iad le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta sula rachaidh a saolré oibríochtúil in éag. Le deonú acmhainneachtaí intomhalta den sórt sin, féadtar úsáid i bhfad níos costéifeachtaí a bhaint astu. Ba cheart é sin a dhéanamh tar éis toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún. I gcomhar leis an gCoimisiún, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a bhfuil acmhainneachtaí rescEU á n-óstáil acu na hacmhainneachtaí sin a dheonú nuair a bheidh siad gar do dhul in éag, chun a áirithiú go n-úsáidfear iad.

(14) I gcás ina dtairgeann Ballstáit cúnamh, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil an cúnamh atá á thairiscint de cháilíocht iomchuí agus oiriúnach don úsáid atá beartaithe dó.

(15) Ba cheart spriocanna acmhainneachta freagartha a bhunú do DECS. Ba cheart don Choimisiún measúnú tráthrialta a dhéanamh ar a n-oiriúnacht ar bhonn rioscaí a shainaithnítear i measúnuithe riosca náisiúnta agus i bhfoinsí eile faisnéise. Ba cheart na Ballstáit a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna acmhainneachta freagartha a bhaint amach.

(16) Tá clár Oiliúna, Cleachtaí agus Malartú Saineolaithe Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ríthábhachtach i gcónaí d'ullmhacht pearsanra cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí agus d'acmhainneachtaí freagartha a imscartar i gcomhthéacs Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. I gcomhréir leis an raon feidhme a bhunaítear in Airteagal 13(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, ba cheart na céimeanna coisc, ullmhachta agus freagartha a chumhdach leis an gclár.

(17) Chun athléimneacht ó thubaistí a neartú i réimse na cosanta sibhialta, ba cheart na ceachtanna a sainaithníodh a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach lena gcumhdaítear timthriall iomlán bainistithe tubaistí an choisc, na hullmhachta, na freagartha agus na hatógála, agus ar bhealach inbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar rioscaí tubaiste. Maidir leis an tionchar a bhíonn ag tubaistí ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag oibríochtaí cosanta sibhialta ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Faoi chuimsiú Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, is bealach tábhachtach iad nósanna imeachta oibríochtúla soiléire um fhreagairt i gcás tubaistí chun cúnamh éifeachtúil a áirithiú i gcás tubaistí, lena n-áirítear le haghaidh na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

(18) Chun comhordú éifeachtach an chúnaimh a áirithiú, ba cheart do ERCC a mheasúnú ar riachtanais chriticiúla agus a mholtaí maidir le himscaradh acmhainneachtaí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a chomhroinnt leis na Ballstáit i bhfoirm coimrí anailíseacha. Ba cheart na measúnuithe sin a úsáid go hinmheánach agus bunaithe ar an tSaoráid Chomhairleach Eolaíoch agus Theicniúil, ar chórais luathrabhaidh atá ann cheana agus ar fhoinsí eile sonraí atá ar fáil. Ba cheart roghnú na n-acmhainneachtaí freagartha a bheith bunaithe ar chritéir shonracha agus oibiachtúla. Ba cheart do ERCC tosaíocht na n-acmhainneachtaí sonracha a mheasúnú i bhfianaise na riachtanas agus na gcumas oibríochtúil atá ann faoi láthair. I bhfianaise ról ERCC i gcomhordú éifeachtach an chúnaimh, ba cheart do na Ballstáit a sholáthraíonn an cúnamh agus don phearsanra a oibríonn na hacmhainneachtaí freagartha araon ERCC a choimeád ar an eolas go tráthrialta maidir le soláthar an chúnaimh.

(19) Cuirtear acmhainneachtaí rescEU ar fáil le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Tar éis iarraidh ar chúnamh de bhun Airteagal 15 nó 16 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, tá ERCC le cinneadh a dhéanamh maidir le himscaradh na hacmhainneachta sin, i ndlúthchomhar leis an mBallstát iarrthach agus leis an mBallstát ar leis acmhainneacht rescEU, nó a bhfuil an acmhainneacht sin ar cíos nó ar léas aige. Ba cheart critéir maidir le cinntí imscartha mar aon le nósanna imeachta oibríochta ábhartha a leagan síos chun próiseas cinnteoireachta éifeachtach agus trédhearcach a áirithiú. Ba cheart critéir a leagan síos freisin don chinnteoireacht maidir le himscaradh i gcás iarrataí coinbhleachta ar úsáid acmhainneachtaí rescEU.

(20) Ba cheart a bheith in ann acmhainneachtaí rescEU a úsáid chun críoch náisiúnta nuair nach n-úsáidtear iad nó nach bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Ba cheart rialacha iomchuí a bhunú don úsáid náisiúnta sin chun a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí rescEU ar fuireachas agus réidh lena n-imscaradh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta laistigh den tréimhse ama a shocraítear leis na ceanglais cháilíochta do gach cineál acmhainneachta rescEU.

(21) De bhun Airteagal 12(10), an dara fomhír, de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, féadfaidh na Ballstáit i gcásanna sonracha diúltú pearsanra a oibríonn acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas. Ba cheart rialacha a leagan síos le haghaidh cásanna sonracha den sórt sin.

(22) De bhun Airteagal 8(1), pointe (i), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, tá rialacha le bunú lena rialófar tacaíocht óstnáisiúin. Leis na rialacha, ba cheart ligean don stát a sholáthraíonn an cúnamh cosanta sibhialta agus don stát a fhaigheann é teacht ar chomhaontú nach soláthrófar tacaíocht óstnáisiúin. Ba cheart a cheangal leis na rialacha freisin go mbunófaí pointe teagmhála idirchaidrimh náisiúnta chun soláthar tacaíochta óstnáisiúin a éascú, ach níor cheart go sonrófaí leo go bhfuil an pointe teagmhála le bunú go buan ná le haghaidh gach éigeandála aonair. Ba cheart rialacha a chur i bhfeidhm chun cúnamh airgeadais ón Aontas a cheadú chun acmhainneachtaí freagartha a réamhshuí.

(23) Gné thábhachtach de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta is ea infhaighteacht saineolaithe teicniúla, comhordaithe agus measúnaithe agus ceannairí foirne agus leascheannairí foirne Fhoireann an Aontais um Chosaint Shibhialta. Ba cheart próifílí chúraimí agus fheidhmeanna na saineolaithe a shonrú agus ba cheart an nós imeachta maidir lena n-imscaradh a chinneadh.

(24) Leagtar amach le hAirteagal 23 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE forálacha maidir le tacaíocht i gcás tubaiste chun freagairt thapa agus éifeachtach a éascú le cuidiú ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Is gá sraith rialacha agus nósanna imeachta níos cuíchóirithe a bhunú do na Ballstáit chun tacaíocht a iarraidh ar an Aontas agus don Choimisiún chun iarrataí den sórt sin a láimhseáil.

(25) Ba cheart rialacha a chur i bhfeidhm chun go bhféadfar na hacmhainní iompair agus lóistíochta is gá a mhaoiniú chun freagairt chomhordaithe éifeachtach agus éifeachtúil ar thubaistí a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 23(4) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm Mhol Lóistíochta Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Le bunú Mhol Lóistíochta Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, ba cheart na riachtanais a shainaithníonn ERCC a shásamh, lena n-áirítear moltaí oibríochtúla ERCC trí CECIS maidir le suíomh Mhol Lóistíochta Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus rialacha mionsonraithe a bhaineann le seachadadh an chúnaimh i gcás tubaistí laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.

(26) Ba cheart rialacha a chur i bhfeidhm chun go mbeidh ERCC in ann comhordú oibríochtaí aslonnaithe leighis (MEDEVAC) a éascú, laistigh nó lasmuigh den Aontas araon, a luaithe a dhéanfar iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal 15 nó 16 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Leis na rialacha lena rialaítear cúnamh ón Aontas, ba cheart a bheith in ann oibríochtaí MEDEVAC a mhaoiniú, lena n-áirítear gníomhaíocht bhreise tacaíochta agus chomhlántach is gá chun comhordú na freagartha sin a éascú ar an mbealach is éifeachtaí, amhail trí mhol a bhunú.

(27) Deontais le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha arna ndámhachtain d'údaráis inniúla chun gnéithe oibríochtúla agus riaracháin de chúnamh an Aontais a éascú de bhun Airteagal 22 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, ba cheart iad a bheith i bhfoirm deontais ilghníomhaíochta.

(28) Ba cheart Cinntí Cur Chun Feidhme 2014/762/AE agus (AE) 2019/1310 a aisghairm.

(29) Tá na bearta a leagtar amach sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chosaint Shibhialta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL 1

## **FORÁLACHA GINEARÁLTA**

### *Airteagal 1*

### **Ábhar**

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh 1313/2013/AE, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) idirghníomhú an Lárionaid Comhordúcháin Práinnfhreagartha ('ERCC') le pointí teagmhála na mBallstát;

(b) comhpháirteanna an Chomhchórais Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála ('CECIS') agus eagrú na comhroinnte faisnéise trí CECIS;

(c) sainaithint saineolaithe, modúl, acmhainneachtaí freagartha eile agus foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta ('FCTT') atá geallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta ('DECS');

(d) na híoscheanglais theicniúla do mhodúil agus do FCTT;

(e) na nósanna imeachta deimhniúcháin, athdheimhniúcháin agus clárúcháin is gá d'fheidhmiú DECS agus rescEU;

(f) bearnaí in acmhainneacht freagartha DECS agus conas aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin a shainaithint;

(g) spriocanna acmhainneachta DECS a shainaithint;

(h) eagrú na gclár oiliúna, cleachtaí agus malartú saineolaithe;

(i) sainaithint agus cur chun cinn chlár na gceachtanna foghlamtha;

(j) na nósanna imeachta oibríochtúla do DECS agus rescEU chun freagairt do thubaistí laistigh agus lasmuigh den Aontas agus sainaithint na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha;

(k) an nós imeachta chun Foirne an Aontais um Chosaint Shibhialta a imscaradh;

(l) eagrú an chúnaimh ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'iarrthóir cúnaimh' Ballstát nó tríú tír a ndéanann tubaiste nó tubaiste atá ar tí tarlú difear dó nó a bhfuil coinne leis go ndéanfaidh tubaiste atá ar tí tarlú difear dó, na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile a liostaítear in Iarscríbhinn VI;

(2) ciallaíonn 'cúnamh cosanta sibhialta' saineolaithe, modúil, acmhainneachtaí freagartha eile nó foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta atá beartaithe le haghaidh cosaint shibhialta, mar aon lena dtrealamh agus cúnamh comhchineáil, lena n-áirítear ábhair fóirithinte nó soláthairtí a bhfuil gá leo chun iarmhairtí láithreacha tubaiste a mhaolú;

(3) ciallaíonn 'foireann cúnaimh theicniúil agus tacaíochta' ('FCTT') na hacmhainní daonna agus ábhartha a shannann Ballstát amháin nó níos mó chun cúraimí lóistíochta agus tacaíochta a chomhlíonadh;

(4) ciallaíonn 'Foireann an Aontais um Chosaint Shibhialta' foireann ina bhfuil saineolaithe agus, nuair is gá, FCTT, a roghnaíonn ERCC agus a chuireann sé in úsáid faoi théarmaí tagartha a bhaineann le hiarraidh ar shaineolas maidir le cosc nó ullmhacht nó le freagairt éigeandála i gcomhthéacs iarraidh leanúnach ar chúnamh;

(5) ciallaíonn 'acmhainneacht freagartha eile' socrú neamhthuilleamaíoch, uathrialach, in-imscartha agus réamhshainithe faoi thionchar cúraimí agus riachtanais de chumais na mBallstát nó foireann oibríochtúil shoghluaiste de chuid na mBallstát. Is meascán de mhodhanna daonna agus ábhartha é is féidir a shaintréithriú i dtéarmaí a acmhainneachta idirghabhála nó an chúraim/na gcúraimí a fhéadann sé a dhéanamh, nach sainítear aon íoscheanglas teicniúil ina leith. Áirítear le 'acmhainneacht freagartha eile' soláthairtí fóirithinte freisin.

(6) ciallaíonn 'saolré oibríochtúil' an tréimhse iomlán ar lena linn is féidir le hacmhainneacht a feidhm a chomhlíonadh go teicniúil i gcomhréir lena ceanglais cháilíochta, agus a comhpháirteanna á gcur san áireamh;

(7) ciallaíonn 'acmhainneacht freagartha réamhgheallta do DECS' acmhainneacht freagartha a thairgeann Ballstát lena chlárú in DECS agus ar thug an Coimisiún fógra foirmiúil ina leith don Bhallstát tairisceana go bhfuil an deimhniú curtha i gcrích.

CAIBIDIL 2

**LÁRIONAD COMHORDÚCHÁIN PRÁINNFHREAGARTHA ('ERCC')**

*Airteagal 3*

**Idirghníomhaíocht ERCC le pointí teagmhála na mBallstát**

1. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta do ERCC a bheidh ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae agus 7 lá na seachtaine. Déanfar an t-ainmniú trí úsáid a bhaint as an 'teimpléad tíre' a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Coinneoidh ERCC dlúth-theagmháil ar bun le pointí teagmhála na mBallstát chun a dhualgais thráthrialta agus na hoibríochtaí freagartha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE a dhéanamh.

CAIBIDIL 3

## COMHCHÓRAS CUMARSÁIDE AGUS FAISNÉISE ÉIGEANDÁLA (‘CECIS’)

*Airteagal 4*

### Sraitheanna CECIS

Beidh na trí chomhpháirt seo a leanas in CECIS:

(a) sraith líonra, lena nasctar na húdaráis inniúla agus na pointí teagmhála sna Ballstáit agus ERCC;

(b) sraith feidhmchláir, ina mbeidh na bunachair sonraí agus na córais faisnéise eile is gá le haghaidh fheidhmiú Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus, go háirithe, na cinn sin atá riachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) fógraí a chur in iúl;

(ii) cumarsáid agus comhroinnt faisnéise a áirithiú idir ERCC agus na húdaráis inniúla agus na pointí teagmhála;

(iii) ceachtanna a sainaithníodh ó idirghabhálacha mar aon le doiciméadacht agus nósanna imeachta oibríochtúla a chur in iúl;

(c) sraith slándála, arb é a bheidh inti an tacar córas, rialacha agus nósanna imeachta is gá chun barántúlacht, sláine agus rúndacht na sonraí a stóráiltear in CECIS agus a mhalartaítear trí CECIS a áirithiú.

*Airteagal 5*

### Slándáil faisnéise

1. Beidh CECIS in ann doiciméid, bunachair sonraí agus córais faisnéise a láimhseáil ar bhealach slán trí na Seirbhísí Tras-Eorpacha Slána le haghaidh Teileamaitic idir Córais Riaracháin (‘sTESTA’) nó trí líonra inchomparáide.

2. Déanfar doiciméid agus faisnéis a aicmítear mar ‘EU CONFIDENTIAL’ nó níos airde a tharchur de bhun na socruithe speisialta idir an tionscnóir agus an faighteoir/na faighteoirí a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún [6].

*Airteagal 6*

### Faisnéis agus nuashonrú

1. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis iomchuí faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as an teimpléad tíre a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis maidir le pointí teagmhála agus, i gcás inar gá, maidir le seirbhísí eile a láimhseálann tubaistí nádúrtha, teicneolaíocha, ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha agus tubaistí eile de dhéanamh an duine nó tionóiscí comhshaoil, lena n-áirítear truailliú muirí.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún láithreach faoi aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

4. Beidh roinn ainmnithe i mbunachar sonraí CECIS ina mbeidh faisnéis maidir le clárú agus infhaighteacht acmhainneachtaí freagartha in DECS agus rescEU. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain leanúnach ag pointí teagmhála náisiúnta um chosaint shibhialta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an roinn ainmnithe i mbunachar sonraí CECIS cothrom le dáta i gcónaí a mhéid a bhaineann le stádas infhaighteachta agus leis na sonraí fíorasacha uile is gá a bhaineann le saintréithe ábhartha na n-acmhainneachtaí freagartha cláraithe uile in DECS.

---

[6] Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

6. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Ballstáit rochtain ar CECIS a thabhairt d'údaráis náisiúnta ábhartha eile nó d'údaráis inniúla ainmnithe eile.

*Airteagal 7*

**Grúpa úsáideoirí CECIS**

Tabharfaidh grúpa úsáideoirí ina mbeidh ionadaithe a ainmneoidh na Ballstáit cúnamh don Choimisiún chun CECIS a bhailíochtú, a thástáil agus a fhorbairt a thuilleadh.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme agus forbairt bhreise**

1. Déanfaidh an Coimisiún CECIS a bhainistiú agus a fhorbairt a thuilleadh, agus riachtanais agus ceanglais na mBallstát á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit timpeallacht teicneolaíochta faisnéise iomchuí CECIS a chur chun feidhme ar a gcríoch i gcomhréir leis na gealltanais a dhéantar trí úsáid a bhaint as an 'teimpléad tíre' a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 9*

**CECIS truailliú muirí**

1. Féadfaidh an Coimisiún a áirithiú go bhfuil feidhmchlár speisialaithe CECIS a bhfuil rochtain ag na Ballstáit agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí air ar fáil le haghaidh truailliú muirí chun an ceanglas sonrach maidir le freagairt do theagmhais mhuirí a léiriú.

2. Féadfaidh an feidhmchlár speisialaithe CECIS sin a bheith oscailte freisin do thríú tíortha a roinneann imchuach farraige réigiúnach leis an Aontas. Féadfaidh an Coimisiún rochtain a thabhairt freisin, ar bhonn *ad hoc*, do rúnaíochtaí na gcoinbhinsiún ábhartha maidir le farraigí réigiúnacha.

CAIBIDIL 4

**SAINEOLAITHE, MÓDÚIL, ACMHAINNEACHTAÍ FREAGARTHA EILE AGUS FOIRNE CÚNAIMH THEICNIÚIL AGUS TACAÍOCHTA ('FCTT')**

*Airteagal 10*

**Clárú saineolaithe, modúl, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT**

1. Cláróidh na Ballstáit faisnéis faoina saineolaithe, faoina modúil agus faoina n-acmhainneachtaí freagartha eile dá dtagraítear in Airteagal 9(6) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE i mbunachar sonraí CECIS. Cláróidh siad a gcuid FCTTanna sa bhunachar sonraí sin freisin.

2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chruinneas na faisnéise a tharchuirfear le haghaidh clárúcháin.

3. Déanfar na saineolaithe, na modúil, na hacmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT atá réamhgheallta do DECS a chlárú i mbunachar sonraí CECIS agus sainaithneofar iad amhlaidh.

4. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

*Airteagal 11*

**Comhdhéanamh fhoirne an Aontais um chosaint shibhialta, modúl, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT**

1. Féadfaidh foirne an Aontais um chosaint shibhialta, modúil, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT a bheith comhdhéanta d'acmhainní a sholáthraíonn Ballstát amháin nó níos mó.

2. I gcás ina mbeidh níos mó ná comhpháirt oibríochtúil amháin i modúl, in acmhainneacht freagartha eile nó in FCTT, féadfar a imscaradh in idirghabháil a theorannú do na comhpháirteanna is gá le haghaidh na hidirghabhála sin.

*Airteagal 12*

**Neamhthuilleamaíocht modúl agus acmhainneachtaí freagartha eile**

1. Beidh gá leis na heilimintí neamhthuilleamaíochta seo a leanas le haghaidh gach modúil, mura sonraítear a mhalairt sna híoscheanglais theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, agus le haghaidh acmhainneachtaí freagartha eile, cé is moite de sholáthairtí fóirithinte:

(a) dídean iomchuí don ghnáthaimsir;

(b) breosla, giniúint cumhachta agus soilsiú lena gcumhdaítear ídiú bhunáit na n-oibríochtaí agus an trealaimh is gá chun an misean a chomhlíonadh;

(c) saoráidí sláintíochta agus sláinteachais do phearsanra an mhodúil;

(d) bia agus uisce do phearsanra an mhodúil;

(e) foireann, saoráidí agus soláthairtí leighis nó paraimhíochaine do phearsanra an mhodúil;

(f) stóráil agus cothabháil threalamh an mhodúil;

(g) trealamh chun cumarsáid a dhéanamh leis na comhpháirtithe ábhartha, go háirithe na comhpháirtithe sin atá i gceannas ar an gcomhordú ar an láthair;

(h) iompar áitiúil, nuair is gá;

(i) tacaíocht, trealamh agus foireann lóistíochta chun go bhféadtar bunáit na n-oibríochtaí a chur ar bun agus tús a chur leis an misean gan mhoill ar theacht ar an láthair dóibh.

2. Ráthóidh an Ballstát tairisceana comhlíontacht na gceanglas neamhthuilleamaíochta ar cheann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas:

(a) tríd an bhfoireann, an trealamh agus na tomhaltáin is gá a áireamh leis an modúl nó leis an acmhainneacht freagartha eile;

(b) trí na socruithe is gá a dhéanamh ar láithreán na n-oibríochtaí;

(c) trí na réamhshocruithe is gá a dhéanamh chun acmhainneacht freagartha nach bhfuil neamhthuilleamaíoch a chomhcheangal le FCTT chun na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 13 a chomhlíonadh sula gclárófar an modúl lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 10(1).

3. Ní bheidh an tréimhse dá ráthófar neamhthuilleamaíocht i dtosach an mhisin níos giorra ná ceachtar díobh seo a leanas:

(a) 96 uair an chloig;

(b) na tréimhsí a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 13*

**Ceanglais maidir le modúil, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT**

1. Comhlíonfaidh modúil agus FCTT na híoscheanglais theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go bhféadann modúil agus acmhainneachtaí freagartha eile, seachas soláthairtí fóirithinte, oibriú le modúil eile agus le hacmhainneachtaí freagartha eile, cé is moite de sholáthairtí fóirithinte;

(b) go bhféadann FCTT oibriú le FCTT eile agus le gníomhaithe ábhartha ar an láthair;

(c) go bhféadann comhpháirteanna modúil oibriú le chéile mar mhodúl amháin;

(d) go bhféadann comhpháirteanna FCTT oibriú le chéile mar FCTT amháin;

(e) go bhféadann modúil, acmhainneachtaí freagartha eile, cé is moite de sholáthairtí fóirithinte, agus FCTT oibriú le hacmhainneachtaí freagartha idirnáisiúnta i gcás tubaistí lena dtacaítear leis an tír a ndéantar difear di;

(f) go nglacfaidh ceannairí foirne agus leascheannairí foirne agus oifigigh idirchaidrimh modúl, acmhainneachtaí freagartha eile, seachas soláthairtí fóirithinte, agus FCTT páirt i gcúrsaí oiliúna agus i gcleachtaí iomchuí a eagraíonn an Coimisiún, mar a leagtar amach i gCaibidil 7.

CAIBIDIL 5

## FORBAIRT DECS AGUS rescEU

*Airteagal 14*

### Spriocanna acmhainneachta DECS

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a bheidh spriocanna acmhainneachta DECS.

2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú ar oiriúnacht na spriocanna acmhainneachta gach dara bliain ar a laghad agus, más gá, déanfaidh sé iad a athbhreithniú ar bhonn na rioscaí a shainaithnítear i measúnuithe riosca náisiúnta nó i bhfoinsí faisnéise náisiúnta, Aontais nó idirnáisiúnta iomchuí eile.

3. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha faoi rioscaí is gá chun measúnú a dhéanamh ar na spriocanna acmhainneachta a sholáthar don Choimisiún go tráthúil.

*Airteagal 15*

### Nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin le haghaidh acmhainneachtaí DECS

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin maidir le modúil, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT in DECS, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Beidh deimhniú modúl agus FCTT faoi réir chomhlíonadh na n-íoscheanglas teicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

3. Agus iarratas ar dheimhniúchán agus ar chlárúchán á fháil aige chuig DECS, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an féidir an modúl, an acmhainneacht freagartha eile nó FCTT atá i gceist a mheas lena chuimsiú in DECS, agus cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Bhallstát ábhartha gan mhoill. Ina mheasúnú, breithneoidh an Coimisiún, i gcás inar gá, comhlíonadh na spriocanna acmhainneachta, iomláine na faisnéise a sholáthraítear, gaireacht gheografach agus rannpháirtíocht na mBallstát uile, agus tosca ábhartha eile a chinnfidh sé roimh ré.

4. Tar éis dó glacadh leis an iarratas ar dheimhniúchán agus ar chlárúchán chuig DECS, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta deimhniúcháin don mhodúl, don acmhainneacht freagartha eile nó do FCTT ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear agus ar bhonn aon fhaisnéise breise a fhéadfaidh an Coimisiún a iarraidh agus a fháil ón mBallstát ábhartha.

5. Cuirfidh an Coimisiún torthaí idirmheánacha agus deiridh an phróisis deimhniúcháin in iúl i scríbhinn don Bhallstát ábhartha.

6. Má dhéanann an Ballstát an modúl freagartha céanna, an acmhainneacht freagartha eile nó FCTT a athghealladh do DECS, déanfar athmheasúnú ar dheimhniú na hacmhainneachta freagartha sin tar éis 5 bliana ar a dhéanaí.

7. I gcás ina measann an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, gur comhlíonadh ceanglais deimhniúcháin, cláróidh sé an modúl, an acmhainneacht freagartha eile nó FCTT in DECS.

8. Cláróidh na Ballstáit acmhainneacht DECS in CECIS.

*Airteagal 16*

**Nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin in DECS do shaineolaithe**

1. Measfar ceannairí foirne agus leascheannairí foirne Fhoirne an Aontais um Chosaint Shibhialta a bheith deimhnithe agus beidh siad incháilithe lena gclárú in DECS a luaithe a bheidh cúrsaí agus cleachtaí ábhartha Chlár Oiliúna agus Cleachtaí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta curtha i gcrích acu, i gcás inar gá.

2. Cláróidh na Ballstáit ceannairí foirne agus leascheannairí foirne deimhnithe Fhoirne an Aontais um Chosaint Shibhialta in DECS tar éis dóibh gealltanas i scríbhinn a sheoladh chuig an gCoimisiún.

3. Féadfaidh na Ballstáit líon áirithe saineolaithe comhordúcháin agus measúnaithe agus saineolaithe teicniúla a ghealladh agus a chlárú faoi phróifílí ar leith, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

4. Fíoróidh an Coimisiún comhlíontacht saineolaithe comhordúcháin agus measúnaithe agus saineolaithe teicniúla lena bpróifílí faoi seach tráth a n-ainmnithe lena n-imscaradh.

*Airteagal 17*

**Nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin le haghaidh acmhainneachtaí rescEU**

1. Sainaithneoidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, na hacmhainneachtaí ábhartha rescEU a bheidh le deimhniú ag na Ballstáit.

2. Déanfaidh na Ballstáit acmhainneachtaí rescEU a dheimhniú i gcomhréir leis an nós imeachta deimhniúcháin agus clárúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V, de réir mar is iomchuí. Cuirfear san áireamh leis an bpróiseas deimhniúcháin, i gcás inarb ábhartha, cineál ilchuspóireach acmhainneachtaí rescEU lena mbaineann.

3. Féadfar acmhainneachtaí rescEU atá i mbun próiseas deimhniúcháin an Aontais a thabhairt chun críche a imscaradh i gcomhréir le hAirteagal 34.

4. Cláróidh na Ballstáit acmhainneachtaí rescEU in CECIS.

*Airteagal 18*

**Gealltanas fadtéarmach acmhainneachtaí rescEU**

1. Beidh acmhainneachtaí rescEU ar fáil lena n-imscaradh faoi Airteagal 34 ar feadh a saolré oibríochtúla ar fad, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an gCoimisiún nó má dheonaítear iad i gcomhréir le hAirteagal 36.

2. Faoi réir infhaighteacht bhuiséadach, soláthróidh an Coimisiún agus an Ballstát atá ina óstach ar an acmhainneacht na hacmhainní is gá chun infhaighteacht agus in-imscarthacht na n-acmhainneachtaí dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú.

*Airteagal 19*

**Gealltanas do DECS maidir le hacmhainneachtaí a fhaigheann cistiú ón Aontas le haghaidh costais oiriúnaithe**

1. Déanfaidh na Ballstáit a fhaigheann tacaíocht airgeadais ón Aontas chun acmhainneachtaí a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE na hacmhainneachtaí sin a ghealladh do DECS le haghaidh na n-íostréimhsí seo a leanas:

(a) 3 bliana i gcás acmhainneachtaí a fhaigheann suas le EUR 300 000 de thacaíocht airgeadais ón Aontas;

(b) 5 bliana i gcás acmhainneachtaí a fhaigheann ó EUR 300 001 suas le EUR 1 000 000 de thacaíocht airgeadais ón Aontas;

(c) 7 mbliana i gcás acmhainneachtaí a fhaigheann ó EUR 1 000 001 suas le EUR 2 000 000 de thacaíocht airgeadais ón Aontas;

(d) 10 mbliana i gcás acmhainneachtaí a fhaigheann níos mó ná EUR 2 000 000 de thacaíocht airgeadais ón Aontas.

2. I gcás ina bhfuil saolré oibríochtúil acmhainneachta níos giorra ná an íostréimhse dá dtagraítear i mír 1, is é a bheidh san íostréimhse fad na saolré oibríochtúla.

3. Féadfaidh an Coimisiún a chomhaontú, trí ERCC, an íostréimhse dá dtagraítear i mír 1 a tharscaoileadh i ndáil le hacmhainneacht shonrach i gcás ina dtugann an Ballstát a fhaigheann tacaíocht airgeadais ón Aontas údar cuí leis sin.

CAIBIDIL 6

## AGHAIDH A THABHAIRT AR BHEARNAÍ SAN ACMHAINNEACHT FREAGARTHA

*Airteagal 20*

### Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna acmhainneachta

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán leanúnach ar an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca leis na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach, agus acmhainneachtaí a shainaithnítear faoi Airteagal 22 á gcur san áireamh.

2. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas go tráthrialta faoina mheasúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach.

*Airteagal 21*

### Nós imeachta chun bearnaí sna hacmhainneachtaí freagartha in DECS a shainaithint

1. Mar chuid d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú ar an difríocht idir acmhainneachtaí cláraithe na mBallstát in DECS agus na spriocanna acmhainneachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. Ní mheasfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit gurb iad na hacmhainneachtaí atá réamhgheallta do DECS ach na hacmhainneachtaí sin a bhfuil gealltanas bailí tugtha ina leith agus atá deimhnithe.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon bhearna sna hacmhainneachtaí freagartha atá fós ann.

*Airteagal 22*

### Nós imeachta chun acmhainneachtaí freagartha lasmuigh de DECS a shainaithint

1. I gcás inar shainaithin an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, bearnaí a d'fhéadfadh a bheith mór sna hacmhainneachtaí freagartha i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chinneadh seo, scrúdóidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit, an bhfuil na hacmhainneachtaí is gá ar fáil lasmuigh de DECS, i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2. Ní dhéanfaidh an Coimisiún ach na hacmhainneachtaí seo a leanas a mheas mar acmhainneachtaí atá ar fáil lasmuigh de DECS:

(a) acmhainneachtaí atá cláraithe in CECIS;

(b) acmhainneachtaí nach gcumhdaítear le pointe (a) ach a fhéadfar a chur ar fáil go héasca don Bhallstát nó do na Ballstáit sna cainníochtaí is gá, ag an suíomh is gá, laistigh den tréimhse ama is gá agus ar feadh an fhaid is gá.

3. Chun na hacmhainneachtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) a fhionnadh, díreoidh an Coimisiún iarraidh chuig pointí teagmhála náisiúnta, ina leagfar amach mionsonraí an mheasúnaithe ar bhearnaí sna hacmhainneachtaí freagartha a d'fhéadfadh a bheith mór agus ina n-iarrfar ar Bhallstáit faisnéis a sholáthar maidir le haon acmhainneacht atá ar fáil lasmuigh de DECS dá dtagraítear sa phointe sin.

4. Ina iarraidh de bhun mhír 3, socróidh an Coimisiún sprioc-am chun freagra a thabhairt suas le 60 lá féilire, de réir na castachta ionchasaí do na Ballstáit chun na hacmhainneachtaí dá dtagraítear i mír 2 a fhionnadh.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas i scríbhinn faoin sprioc-am maidir le mionsonraí aon acmhainneachta dá dtagraítear i mír 2.

6. I gcás nach dtabharfaidh Ballstát freagra i scríbhinn roimh an sprioc-am, glacfaidh an Coimisiún leis, chun críoch a mheasúnaithe, nach bhfuil aon acmhainneacht dá dtagraítear i mír 2 ar fáil sa Bhallstát sin.

7. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó na Ballstáit agus gan ach na hacmhainneachtaí sin dá dtagraítear i mír 2 á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an líonann na hacmhainneachtaí sin na bearnaí sna hacmhainneachtaí freagartha a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 21. Ní mheasfaidh an Coimisiún na bearnaí sna hacmhainneachtaí a bheith líonta go dtí go mbeidh an líon comhcheangailte acmhainneachtaí laistigh de DECS agus acmhainneachtaí dá dtagraítear i mír 2 cothrom leis na spriocanna acmhainneachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III nó go dtí go sáróidh sé na spriocanna sin.

*Airteagal 23*

**Nós imeachta chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna hacmhainneachtaí freagartha**

1. I gcás inar shainaithin an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 21, bearnaí a d'fhéadfadh a bheith mór sna hacmhainneachtaí freagartha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir le hAirteagal 22, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn do na Ballstáit, ina mionsonrófar na bearnaí a mheasann sé a bheith sna hacmhainneachtaí freagartha agus ina n-iarrfar orthu aghaidh a thabhairt ar na bearnaí móra sna hacmhainneachtaí freagartha, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas i dtaobh an bhfuil sé beartaithe acu aghaidh a thabhairt ar na bearnaí móra sna hacmhainneachtaí freagartha, agus cathain agus conas a dhéanfaidh siad sin, ina n-aonar nó i gcomhar le Ballstáit eile.

CAIBIDIL 7

**CLÁIR OILIÚNA, CLEACHTAÍ AGUS MALARTAITHE SAINEOLAITHE**

*Airteagal 24*

**Forálacha coiteanna maidir le cláir oiliúna, cleachtaí agus malartaithe saineolaithe**

1. Bunófar clár oiliúna, clár cleachtaí agus clár malartaithe saineolaithe chun comhar agus comhordú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a neartú i réimse na cosanta sibhialta agus an bhainistithe tubaistí faoi chuimsiú an Líonra Eolais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta a cuireadh ar bun de bhun Airteagal 13(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as comhordú agus eagrú na gclár dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le forbairt, cur chun feidhme, treoshuíomh straitéiseach agus tosaíochtaí na gclár dá dtagraítear i mír 1, oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit tríd an meitheal arna bunú de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1956 ón gCoimisiún [7]. Féadfaidh an mheitheal aon Mholadh ón gCoimisiún arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(5) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a chur san áireamh mar aon leis an obair a dhéanann an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le cruthú creatlaí cáis i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

4. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoirí oiliúna náisiúnta a mbeidh sé de fhreagracht orthu comhordú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar shainaithint agus bainistiú saineolaithe agus páirtithe leasmhara atá rannpháirteach sna cláir oiliúna, cleachtaí agus malartaithe saineolaithe. Gníomhóidh na comhordaitheoirí oiliúna náisiúnta i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha agus le heintitis eile, de réir mar is iomchuí.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na cláir dá dtagraítear i mír 1 agus áiritheoidh sé go bhfuil córas meastóireachta iomchuí i bhfeidhm.

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1956 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 maidir leis an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta a bhunú agus a eagrú (IO L 399, 11.11.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1956/oj).

*Airteagal 25*

**Carachtar forlíontach an chláir oiliúna**

I gcomhréir le príomhfhreagracht na mBallstát, mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, maidir le cumais leordhóthanacha a sholáthar dá gcórais bainistithe tubaistí, forlíonfar leis an gclár oiliúna an oiliúint do phearsanra cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta iomchuí.

*Airteagal 26*

**Rannpháirtithe sa chlár oiliúna**

1. Is iad seo a leanas sprioc-rannpháirtithe an chláir oiliúna:

(a) Pearsanra cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí na mBallstát atá rannpháirteach go díreach in oibríochtaí a leagtar amach i gCaibidlí II, III agus IV de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE agus foireann ó údaráis inniúla náisiúnta nó réigiúnacha ábhartha nó ó eintitis a bhfuil feidhm acu a bhaineann le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta;

(b) Foireann an Choimisiúin, go háirithe oifigigh idirchaidrimh ERCC.

2. Beidh rannpháirtíocht sa chlár oiliúna oscailte freisin, de réir mar is iomchuí, do shaineolaithe roghnaithe ón méid seo a leanas:

(a) Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais;

(b) na Náisiúin Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí;

(c) na heagraíochtaí idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn VI;

(d) tríú tíortha;

(e) eintitis ábhartha eile.

*Airteagal 27*

**Ábhar, formáid agus curaclaim na gcúrsaí oiliúna**

Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhar leis an meitheal a shocraítear de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1956, ábhar, formáid agus curaclaim na gcúrsaí, lena n-áirítear na ceanglais maidir le roghnú agus leithdháileadh áiteanna sna cúrsaí oiliúna.

*Airteagal 28*

**Clár cleachtaí**

1. Beidh an méid seo a leanas sa chlár cleachtaí:

(a) modúil de chleachtaí boird agus allamuigh;

(b) cleachtaí ar scála iomlán;

(c) cineálacha eile cleachtaí, bunaithe ar riachtanais shainaitheanta.

Féadfar na cleachtaí sin a dhéanamh lasmuigh den Aontas.

2. Beidh sé d'aidhm ag an gclár cleachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

(a) leibhéal ullmhachta na gcóras cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí a fheabhsú;

(b) mearfhreagairt éifeachtach na mBallstát ar thubaistí a áirithiú, go háirithe maidir le saineolaithe, foirne agus sócmhainní eile a sholáthraítear in idirghabhálacha cúnaimh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta;

(c) na ceanglais cháilíochta maidir le himscaradh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a fhíorú agus a fheabhsú, chun comhordú an chúnaimh cosanta sibhialta a fheabhsú;

(d) comhar a fheabhsú idir seirbhísí cosanta sibhialta agus seirbhísí ábhartha eile na mBallstát agus an Choimisiúin, lena n-áirítear maidir le cleachtaí trasteorann a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]);

(e) ceachtanna foghlamtha a shainaithint agus a chomhroinnt;

(f) cur chun feidhme na gceachtanna foghlamtha a thástáil.

*Airteagal 29*

**Clár malartaithe saineolaithe**

Tacóidh an clár malartaithe saineolaithe le pearsanra cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) taithí shonrach agus eolas díreach a fháil agus a chomhroinnt;

(b) eolas a chur ar theicnící agus ar nósanna imeachta oibríochtúla;

(c) staidéar a dhéanamh ar chineálacha cur chuige a leanann seirbhísí agus institiúidí éigeandála rannpháirteacha eile;

(d) freastal ar cheachtanna agus ceachtanna a fhoghlaim mar bhreathnóirí i gcleachtaí ionsamhlúcháin i mBallstáit eile;

(e) freastal ar chúrsaí chun saineolas sonrach a fháil nach bhfuil ar fáil ina n-eagraíocht bhaile.

*Airteagal 30*

**Rannpháirtithe sa chlár malartaithe saineolaithe**

Beidh an clár malartaithe saineolaithe oscailte d'eintitis, saineolaithe agus saorálaithe cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí na mBallstát, agus dóibh siúd ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha agus ó thíortha i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt.

CAIBIDIL 8

**CEACHTANNA A SHAINAITHINT**

*Airteagal 31*

**Faireachán, anailís agus meastóireacht a dhéanamh**

1. Comhroinnfidh an Coimisiún agus na Ballstáit na sonraí, an fhaisnéis agus na measúnuithe ábhartha is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí cosanta sibhialta uile laistigh de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun ceachtanna a shainaithint, lena n-áirítear dea-chleachtais agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

2. Éascóidh an Coimisiún sainaithint na gceachtanna le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear trí chruinnithe a eagrú faoi chuimsiú an Líonra Eolais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

*Airteagal 32*

**Cur chun feidhme ceachtanna a chur chun cinn**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán ar chur chun feidhme na gceachtanna a sainaithníodh agus cuirfidh sé an cur chun feidhme sin chun cinn.

([8]) Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

2. Cuirfear ceachtanna sainaitheanta san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta chun Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a fhorbairt a thuilleadh agus chun tosaíochtaí a shocrú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an clár oiliúna dá bhforáiltear in Airteagal 25, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ábhar agus curaclaim na gcúrsaí oiliúna, agus an clár cleachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 28;

(b) na hiarrataí ar thionscadail maidir le cosc agus ullmhacht;

(c) na gníomhaíochtaí pleanála dá dtagraítear in Airteagal 10 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE

CAIBIDIL 9

**NÓSANNA IMEACHTA OIBRÍOCHTÚLA UM FHREAGAIRT I gCÁS TUBAISTÍ**

*Airteagal 33*

**Iarrataí ar chúnamh agus freagairt**

1. Nuair a tharlaíonn tubaiste nó nuair atá tubaiste ar tí tarlú laistigh den Aontas, agus ar iarraidh ar chúnamh a fháil trí CECIS, déanfaidh ERCC, de réir mar is iomchuí agus gan mhoill, na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2. I gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú lasmuigh den Aontas, agus a bhféadfadh cúnamh cosanta sibhialta a bheith ag teastáil uaithi, féadfaidh an Coimisiún a chur in iúl don tríú tír lena mbaineann conas is féidir leis cúnamh a iarraidh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

3. Déanfaidh Ballstát nó tríú tír a ndéanann tubaiste difear dó nó atá faoi bhagairt ag tubaiste atá ar tí tarlú agus ar mian leis cúnamh a iarraidh trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, iarraidh i scríbhinn ar chúnamh cosanta sibhialta a chur faoi bhráid ERCC trína údaráis inniúla náisiúnta. Féadfaidh tríú tír cúnamh a iarraidh freisin trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta trí iarraidh i scríbhinn ar chúnamh cosanta sibhialta a chur faoi bhráid ERCC trí na Náisiúin Aontaithe, a ghníomhaireachtaí, nó aon cheann de na heagraíochtaí idirnáisiúnta a shonraítear in Iarscríbhinn VI.

4. Féadfaidh Ballstát a ndéanann tubaiste difear dó nó atá faoi bhagairt ag tubaiste atá ar tí tarlú tuarascálacha éigeandála eolaíocha arna n-ullmhú faoin tSaoráid Chomhairleach Eolaíoch agus Theicniúil a iarraidh ar ERCC.

5. Cuirfidh an t-iarrthóir cúnaimh ERCC ar an eolas faoin tréimhse ama, faoin bpointe iontrála, agus faoi shuíomh an chúnaimh atá á iarraidh, agus cuirfidh sé ar an eolas é freisin faoin bpointe teagmhála oibríochtúil ar an láthair a bhainistíonn an tubaiste agus na socruithe tacaíochta óstnáisiúin.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíocht bhreise tacaíochta agus chomhlántach is gá a dhéanamh chun comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a áirithiú agus an cúnamh á sholáthar agus chun comhordú na freagartha a éascú.

7. Féadfaidh an Coimisiún coimre anailíseach a ullmhú, a mhéid is féidir, roimh thubaiste atá ar tí tarlú nó díreach ina dhiaidh sin agus, ar an gcaoi sin cur le feasacht chuimsitheach staide. Beidh an choimre anailíseach sin bunaithe, *inter alia*, ar an tSaoráid Chomhairleach Eolaíoch agus Theicniúil agus ar chórais luathrabhaidh atá ann cheana.

8. Na critéir seo a leanas, a bhféadfadh an tosaíocht a thugtar dóibh a bheith de réir chineál sonrach na hiarrata ar chúnamh, déanfar iad a chur san áireamh agus rogha á déanamh as measc acmhainneachtaí in DECS:

(a) an staid oibríochtúil sna Ballstáit agus rioscaí tubaiste féideartha;

(b) oiriúnacht agus leordhóthanacht na n-acmhainneachtaí chun freagairt don tubaiste;

(c) suíomh geografach na n-acmhainneachtaí, lena n-áirítear amanna agus costais mheasta an iompair chuig an limistéar a ndéantar difear dó;

(d) critéir ábhartha eile, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, taithí roimh ré agus úsáid na n-acmhainneachtaí.

9. Mura gcomhaontaítear a mhalairt leis na Ballstáit, ní iarrfaidh ERCC ar na Ballstáit acmhainneachtaí sonracha ó DECS a imscaradh chuig limistéir ina bhfuil coinbhleacht armtha ar siúl nó chuig limistéir ina bhfuil bagairtí coinbhleachta armtha, ná chuig coinníollacha eile ina bhfuil sábháilteacht agus slándáil na hacmhainneachta atá i gceist agus a pearsanra i mbaol.

10. Déanfaidh na Ballstáit a n-iarrtar orthu acmhainneachtaí ó DECS a imscaradh, i gcomhréir le hAirteagal 11(7) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, a gcinneadh deiridh maidir le himscaradh a chur in iúl do ERCC. Sonróidh ERCC sprioc-am faoina mbeidh ar an mBallstát freagra a thabhairt ar an iarraidh ar imscaradh.

11. Cuirfidh an t-iarrthóir cúnaimh ERCC ar an eolas maidir leis na tairiscintí cúnaimh ar ghlac sé leo. Cuirfidh ERCC na Ballstáit ar an eolas faoi na tairiscintí a nglactar leo.

12. Coimeádfaidh na Ballstáit a sholáthraíonn cúnamh ERCC ar an eolas go tráthrialta faoi sheoladh na n-acmhainneachtaí freagartha, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí uile atá mar chuid de DECS.

13. Féadfaidh an Coimisiún Foireann an Aontais um Chosaint Shibhialta a roghnú, a cheapadh agus a sheoladh chun tacaíocht a thabhairt ar an láthair i gcomhréir le hAirteagal 17 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

*Airteagal 34*

**Critéir maidir le cinntí imscartha i ndáil le hacmhainneachtaí rescEU**

1. Ar iarraidh ar chúnamh a fháil, déanfaidh ERCC measúnú i dtaobh an bhfuil na hacmhainneachtaí atá ann cheana a thairgeann na Ballstáit trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus na hacmhainneachtaí atá réamhgheallta do DECS leordhóthanach chun freagairt éifeachtach ar an iarraidh sin a áirithiú. I gcás nach féidir freagairt éifeachtach a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí ERCC, maidir le hacmhainneachtaí rescEU a imscaradh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 12(6) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2. Cuirfear na critéir shonracha seo a leanas san áireamh leis an gcinneadh acmhainneachtaí rescEU a imscaradh:

(a) an staid oibríochtúil sna Ballstáit agus rioscaí tubaiste féideartha;

(b) oiriúnacht agus leordhóthanacht acmhainneachtaí rescEU chun freagairt don tubaiste;

(c) suíomh geografach acmhainneachtaí rescEU, lena n-áirítear amanna agus costais mheasta an iompair chuig an limistéar a ndéantar difear dó;

(d) critéir ábhartha eile lena n-áirítear inbhuanaitheacht, taithí roimh ré agus úsáid na n-acmhainneachtaí.

3. I gcás iarrataí coinbhleachta ar chúnamh, cuirfear na critéir bhreise seo a leanas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoin áit a n-imscarfar acmhainneachtaí rescEU:

(a) na rioscaí réamh-mheasta do bheatha daoine;

(b) na rioscaí réamh-mheasta do bhonneagar criticiúil agus d'eintitis chriticiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2022/2557, gan beann ar iad a bheith lonnaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas;

(c) tionchar réamh-mheasta na dtubaistí, lena n-áirítear an tionchar ar an gcomhshaol;

(d) riachtanais a shainaithníonn ERCC;

(e) an riosca féideartha go scaipfeadh na tubaistí;

(f) tionchair shocheacnamaíoch;

(g) agairt an chlásail dlúthpháirtíochta de bhun Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(h) tosca oibríochtúla ábhartha eile.

*Airteagal 35*

**Úsáid náisiúnta acmhainneachtaí rescEU**

1. Áiritheoidh na Ballstáit a úsáideann acmhainneachtaí rescEU chun críoch náisiúnta an méid seo a leanas:

(a) a n-infhaighteacht agus a n-ullmhacht i leith oibríochtaí faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sna ceanglais cháilíochta ábhartha, mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an gCoimisiún;

(b) cóir chomhionann acmhainneachtaí rescEU agus acmhainneachtaí náisiúnta eile maidir le cothabháil, stóráil, árachas agus soláthar foirne leordhóthanach, mar aon le leordhóthanacht gníomhaíochtaí bainistithe agus cothabhála ábhartha eile;

(c) deisiú tapa i gcás damáiste.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, trí ERCC, maidir le húsáid náisiúnta acmhainneachtaí rescEU agus cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin tar éis iad a úsáid.

3. I gcás ina mbeidh tionchar ag úsáid náisiúnta acmhainneachtaí rescEU ar infhaighteacht dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), gheobhaidh na Ballstáit toiliú an Choimisiúin, trí ERCC, sula n-imscarfar iad.

4. I gcás ina bhfuil gá leis na hacmhainneachtaí rescEU atá i gceist le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad ar fáil a luaithe is féidir.

*Airteagal 36*

**Deonuithe rescEU**

Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil acmhainneachtaí rescEU de chineál tomhaltáin á n-óstáil acu na hacmhainneachtaí sin a dheonú i gcomhaontú leis an gCoimisiún agus tar éis dóibh toiliú a fháil uaidh.

Leis an toiliú ón gCoimisiún acmhainneachtaí rescEU de chineál tomhaltáin a dheonú, cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh go háirithe:

(a) riachtanais oibríochtúla na ngníomhachtuithe leanúnacha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta;

(b) saolré oibríochtúil agus dáta éaga na hacmhainneachta;

(c) incháilitheacht fhaighteoir an deonaithe chun an deonú a fháil;

(d) riachtanais fhaighteoir an deonaithe;

(e) cumas fhaighteoir an deonaithe an acmhainneacht lena mbaineann a fháil agus a láimhseáil.

*Airteagal 37*

**Diúltú pearsanra a imscaradh lasmuigh den Aontas**

1. I gcás ina ndearnadh cinneadh acmhainneachtaí rescEU a imscaradh lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 12(10) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, féadfaidh na Ballstáit diúltú a bpearsanra a imscaradh sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar scaradh an caidreamh taidhleoireachta idir an Ballstát agus an tríú tír iarrthach;

(b) i gcás ina gcuirfí sábháilteacht agus slándáil an phearsanra i mbaol agus ina gcuirfí cosc ar an mBallstát ábhartha a dhualgas cúraim a chomhlíonadh mar thoradh ar choinbhleacht armtha, ar bhagairt na coinbhleachta armtha nó ar chúiseanna eile atá chomh tromchúiseach céanna.

2. Déanfaidh Ballstát a dhiúltaíonn a phearsanra a imscaradh ERCC a chur ar an eolas láithreach agus soláthróidh sé údar réasúnaithe dó.

*Airteagal 38*

**Socruithe infheictheachta maidir le húsáid DECS agus acmhainneachtaí rescEU**

I gcás ina n-úsáidtear acmhainneachtaí DECS agus rescEU le haghaidh oibríochtaí freagartha faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, déanfaidh an Ballstát atá ina óstach ar acmhainneacht DECS nó rescEU agus an Ballstát a iarrann cúnamh infheictheacht iomchuí a sholáthar don Aontas i gcomhréir le hAirteagal 20, pointe (a), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

*Airteagal 39*

**Misin saineolaithe**

1. Déanfaidh na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 47 iad féin a chur ar fáil do mhisin, sula n-ainmneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 51.

2. Déanfaidh na saineolaithe seolta na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 8(1), pointe (d), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Tuairisceoidh siad go tráthrialta don iarrthóir cúnaimh agus do ERCC.

3. Coimeádfaidh ERCC na Ballstáit ar an eolas faoi dhul chun cinn an mhisin saineolaithe.

4. Cuirfidh an t-iarrthóir cúnaimh ERCC ar an eolas go tráthrialta faoi éabhlóid na ngníomhaíochtaí leanúnacha ar an láthair.

5. Tiomsóidh ERCC an fhaisnéis uile a fhaightear agus dáilfidh sé í ar phointí teagmhála agus ar údaráis inniúla na mBallstát.

*Airteagal 40*

**Díscor oibríochtúil acmhainneachtaí**

1. Cuirfidh an Ballstát iarrthach nó aon cheann de na Ballstáit a sholáthraíonn cúnamh ERCC agus na saineolaithe seolta agus na hacmhainneachtaí freagartha ar an eolas a luaithe is féidir má mheasann siad nach bhfuil gá a thuilleadh lena gcúnamh nó nach féidir é a sholáthar a thuilleadh. Déanfaidh an t-iarrthóir cúnaimh agus na Ballstáit díscor éifeachtach a eagrú ar bhealach iomchuí. Coimeádfar ERCC ar an eolas faoi sin.

2. I dtríú tíortha, tuairisceoidh ceannaire foirne Fhoireann an Aontais um Chosaint Shibhialta do ERCC a luaithe is féidir má mheasann siad, tar éis comhairliúcháin iomchuí leis an iarrthóir cúnaimh, nach bhfuil gá leis an gcúnamh a thuilleadh nó nach féidir é a sholáthar a thuilleadh. Tarchuirfidh ERCC an fhaisnéis sin chuig toscaireacht an Aontais sa tríú tír lena mbaineann agus chuig seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus chuig na Ballstáit. Áiritheoidh ERCC, i gcomhar leis an iarrthóir cúnaimh, díscor éifeachtach na saineolaithe seolta agus na n-acmhainneachtaí freagartha.

*Airteagal 41*

**Critéir maidir le cinntí chun acmhainneachtaí rescEU a dhíscor**

1. Déanfar acmhainneachtaí rescEU a dhíscor sna cásanna seo a leanas:

(a) ar fhógra réamhdhúnta a fháil in CECIS;

(b) nuair a bheidh gá oibríochtúil níos mó leis an acmhainneacht in áit eile nó nuair nach mbeidh údar a thuilleadh lena húsáid de bharr na riachtanas ar an láthair;

(c) nuair a tharlaíonn ceann de na cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) le linn d’oibríocht a bheith ar siúl.

2. Is é an Coimisiún, trí ERCC, a dhéanfaidh cinneadh chun acmhainneacht rescEU a dhíscor. Déanfar an cinneadh i ndlúthchomhar leis an mBallstát atá ina óstach ar acmhainneacht rescEU agus leis an iarrthóir cúnaimh agus, i gcás inarb iomchuí, le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

3. Chun an cinneadh dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, breithneoidh an Coimisiún, i measc nithe eile, na critéir a liostaítear in Airteagal 34(2) agus (3).

*Airteagal 42*

**Ceachtanna a thuairisciú agus a shainaithint**

1. Údaráis inniúla an iarrthóra cúnaimh agus údaráis inniúla na mBallstát a sholáthair cúnamh, mar aon leis na saineolaithe a seoladh, beidh deis acu a gconclúidí maidir le gach gné den idirghabháil a chur faoi bhráid ERCC. Ullmhóidh ERCC tuarascáil achomair maidir leis an gcúnamh a soláthraíodh agus maidir le haon cheacht ábhartha a sainaithníodh.

2. De bhreis ar Airteagail 31 agus 32, déanfaidh ERCC, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán ar chur chun feidhme na gceachtanna sainaitheanta agus cuirfidh sé an cur chun feidhme sin chun cinn chun idirghabhálacha cúnaimh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a fheabhsú.

*Airteagal 43*

**Costais chúnaimh**

1. Mura gcomhaontófar a mhalairt, is é an t-iarrthóir cúnaimh a sheasfaidh costais an chúnaimh a sholáthróidh na Ballstáit.

2. Féadfaidh aon Bhallstát a sholáthraíonn cúnamh, agus aird ar leith á tabhairt ar chineál na tubaiste agus ar mhéid aon damáiste, a chúnamh a thairiscint go hiomlán nó go páirteach saor in aisce. Féadfaidh an Ballstát sin aisíocaíocht iomlán a chostas, nó cuid den aisíocaíocht sin, a tharscaoileadh tráth ar bith freisin.

*Airteagal 44*

**Costais oibriúcháin**

1. Áireofar leis na costais oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2), (4b) agus (4c) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE na costais uile a bhaineann le hacmhainneacht a reáchtáil le linn oibríochta. Féadfar a áireamh leis na costais sin costais a bhaineann le pearsanra, iompar idirnáisiúnta agus áitiúil, lóistíocht, tomhaltáin agus soláthairtí, cothabháil, mar aon le costais eile is gá chun úsáid éifeachtach na n-acmhainneachtaí sin a áirithiú.

2. Ní bheidh na costais dá dtagraítear i mír 1 incháilithe do thacaíocht ón Aontas i gcás ina gcumhdaítear iad de bhun Airteagal 45 den Chinneadh seo nó Airteagal 3(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ([9]) ón gCoimisiún, nó i gcás ina maoinítear iad trí ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

3. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta um chúnamh ón Aontas a iarraidh dá bhforáiltear in Airteagal 54 freisin maidir le hiarrataí ar chúnamh airgeadais le haghaidh costais oibriúcháin.

*Airteagal 45*

**Tacaíocht an óstnáisiúin**

1. Mura gcomhaontaítear a mhalairt, déanfaidh an t-iarrthóir cúnaimh, ar feadh fad na hidirghabhála faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, iostas, cóiríocht agus iompar áitiúil a éascú do na foirne cúnta agus soláthairtí agus breosla a athshlánú saor in aisce.

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/570 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainneachtaí rescEU agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE ón gCoimisiún (IO L 99, 10.4.2019, lch. 41, LI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/570/oj).

2. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála idirchaidrimh náisiúnta a mbeidh sé de chúram air tacaíocht an óstnáisiúin a éascú agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoin ainmniú. Má ainmnítear pointe teagmhála idirchaidrimh náisiúnta le haghaidh éigeandáil aonair, cuirfear an fhaisnéis sin isteach in éineacht leis an iarraidh ar chúnamh.

3. I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Chinneadh 1313/2013/AE, féadfaidh an Coimisiún na costais dá dtagraítear i mír 1 a chómhaoiniú.

*Airteagal 46*

**Cúiteamh ar dhamáiste**

1. Staonfaidh na Ballstáit a iarrann cúnamh nó a fhaigheann deonú faoi Airteagal 36 ó aon iarraidh a dhéanamh ar chúiteamh ó Bhallstáit eile i leith damáiste a dhéantar mar iarmhairt ar idirghabháil cúnaimh a sholáthraítear faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta nó mar iarmhairt ar dheonú faoi Airteagal 36, mura gcruthófar gur d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí a tharla sé.

2. Staonfaidh na Ballstáit ó aon éileamh a dhéanamh i gcoinne an Choimisiúin ar dhamáistí a bheidh mar thoradh ar idirghabhálacha cúnaimh a sholáthraítear faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta nó mar iarmhairtí ar neamh-imscaradh, díshlógadh nó díscor nó deonú faoi Airteagal 36 d’acmhainneachtaí rescEU a sholáthraítear faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus faoin gCinneadh seo, mura gcruthófar gur d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí a tharla siad.

3. I gcás damáiste a fhulaingíonn tríú páirtithe de thoradh idirghabhálacha cúnaimh, rachaidh na Ballstáit a iarrann cúnamh nó a fhaigheann deonú faoi Airteagal 36 agus an Ballstát a thugann cúnamh nó deonú faoi Airteagal 36 i gcomhar le chéile chun cúiteamh damáiste den sórt sin a éascú i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme agus leis na creataí ábhartha.

CAIBIDIL 10

**PRÓISEAS AN IMSCARTHA SAINEOLAITHE**

*Airteagal 47*

**Catagóirí saineolaithe**

Aicmeoidh na Ballstáit na saineolaithe sna catagóirí seo a leanas:

(a) ceannairí foirne agus leascheannairí foirne;

(b) saineolaithe comhordúcháin agus measúnaithe ar bhainistiú faisnéise, oibríochtaí, sábháilteacht agus slándáil, agus lóistíocht;

(c) saineolaithe teicniúla.

*Airteagal 48*

**Cúraimí agus feidhmeanna**

1. Beidh an ceannaire foirne agus an leascheannaire foirne freagrach as Foireann an Aontais um Chosaint Shibhialta a threorú le linn misin. Beidh an ceannaire foirne freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis na tíre a ndéantar difear di, le ERCC, le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus, i gcás aon idirghabháil cúnaimh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta lasmuigh de na Ballstáit, le toscaireacht an Aontais sa tír sin.

2. Beidh na saineolaithe teicniúla in ann comhairle a sholáthar maidir le hábhair shonracha an-teicniúil agus maidir leis na rioscaí lena mbaineann.

3. Beidh na saineolaithe comhordúcháin agus measúnaithe in ann measúnú ar riachtanas na staide a sholáthar agus comhairle a thabhairt maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí atá le déanamh.

4. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú lena mBallstát ainmniúcháin, sainordú a thabhairt do shaineolaithe a sheolfar ar mhisin ullmhachta aon cheann de na feidhmeanna a shonraítear in Airteagal 47 a dhéanamh agus beidh siad in ann comhairle agus tuarascáil a sholáthar maidir le bearta ullmhachta leordhóthanacha, lena n-áirítear acmhainneacht riaracháin, riachtanais luathrabhaidh, oiliúint, cleachtaí agus múscailt feasachta.

5. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú lena mBallstát ainmniúcháin, sainordú a thabhairt do shaineolaithe a sheolfar ar mhisin choiscthe aon cheann de na feidhmeanna a shonraítear in Airteagal 47 a dhéanamh agus beidh siad in ann comhairle agus tuarascáil a sholáthar maidir le bearta coiscthe leordhóthanacha agus cumas bainistithe riosca.

6. Déanfar oifigigh idirchaidrimh ERCC a sheolfaidh an Coimisiún a chomhtháthú go hiomlán i bhFoireann an Aontais um Chosaint Shibhialta.

7. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh saineolaithe eile a sheolann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a chomhtháthú i bhFoireann an Aontais um Chosaint Shibhialta.

*Airteagal 49*

**Bunachar sonraí saineolaithe**

1. Tiomsóidh an Coimisiún faisnéis faoi na saineolaithe i mbunachar sonraí saineolaithe agus cuirfear ar fáil í trí CECIS.

2. Sainaithneofar na saineolaithe a áirítear le DECS go sonrach sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 50*

**Ceanglais oiliúna agus cleachtaí**

I gcás inar gá, leanfaidh na saineolaithe an clár oiliúna agus beidh siad rannpháirteach i gcleachtaí i gcomhréir le hAirteagal 24.

*Airteagal 51*

**Ainmniúchán**

I gcás ina n-iarrfar cúnamh, beidh na Ballstáit freagrach as na saineolaithe atá ar fáil a ainmniú agus as a sonraí teagmhála a roinnt le ERCC.

*Airteagal 52*

**Imscaradh saineolaithe, Foirne an Aontais um Chosaint Shibhialta agus FCTT**

1. Déanfaidh ERCC na saineolaithe roghnaithe agus FCTT a shlógadh agus a sheoladh ar fhógra an-ghearr a luaithe a bheidh siad ainmnithe ag na Ballstáit don mhisean sonrach.

2. Is i gcomhréir le hAirteagal 22, pointe (a), de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a láimhseálfar na costais a bhaineann le saineolaithe aonair, Foirne an Aontais um Chosaint Shibhialta agus FCTTanna a sheoladh.

3. I gcásanna ina dtarraingítear suas comhaontú seirbhíse, cumhdóidh sé na heilimintí seo a leanas:

(a) cuspóirí an mhisin;

(b) na téarmaí tagartha;

(c) prionsabail na heitice agus an iompair;

(d) an fad atá beartaithe don mhisean;

(e) faisnéis faoin teagmhálaí áitiúil;

(f) coinníollacha an chumhdaigh árachais;

(g) an liúntas laethúil chun costais a chumhdach;

(h) na coinníollacha sonracha íocaíochta;

(i) treoirlínte le haghaidh saineolaithe teicniúla, saineolaithe comhordúcháin agus measúnaithe agus ceannairí foirne agus leascheannairí foirne Fhoireann an Aontais um Chosaint Shibhialta.

CAIBIDIL 11

## CÚNAMH ÓN AONTAS LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ FREAGARTHA

*Airteagal 53*

### Cúnamh ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha

1. Féadfaidh aon Bhallstát a sholáthraíonn cúnamh cosanta sibhialta nó a úsáideann acmhainneacht rescEU faoi Airteagal 34 cúnamh ón Aontas a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 54.

2. Féadfaidh cúnamh ón Aontas a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

(a) deontais a dhámhachtain ar na Ballstáit chun trealamh, iompar agus acmhainní lóistíochta a chumhdach mar aon le haon ghníomhaíocht bhreise tacaíochta agus chomhlántach is gá chun comhordú na freagartha a éascú;

(b) rochtain ar threalamh, acmhainní iompair agus lóistíochta agus seirbhísí i bhfoirm comhthiomsú le Ballstáit eile agus rochtain ar an margadh tráchtála nó ar fhoinsí eile tríd an gCoimisiún a éascú, amhail seirbhísí iompair a fhaightear ó eintitis phríobháideacha nó ó eintitis eile.

3. I gcás inar lú ná EUR 10 000 na costais a bhaineann le hiarraidh ar chúnamh ón Aontas dá dtagraítear i mír 2, ní bheidh siad incháilithe mura gcumhdaítear iad leis na comhpháirtíochtaí creata dá dtagraítear i mír 4, nó má bhaineann siad le hacmhainneachtaí rescEU a imscaradh nó le rochtain ar threalamh, ar iompar agus ar acmhainní agus seirbhísí lóistíochta a éascú i bhfoirm comhthiomsú le Ballstáit eile.

4. Féadfaidh an Coimisiún comhpháirtíochtaí creata airgeadais a bhunú le húdaráis inniúla ábhartha na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 130 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

*Airteagal 54*

### Iarrataí ar chúnamh ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha

1. Eiseoidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 57 iarrataí ar chúnamh ón Aontas agus seolfar chuig an gCoimisiún iad trí CECIS nó tríd an bpost leictreonach (nó trí mhodhanna leictreonacha eile) sula ndéanfar aon ghníomhaíocht freagartha a bhaineann leis an iarraidh sin. Cuirfidh an Coimisiún an t-údarás iarrthach ar an eolas faoin bhfaisnéis atá ag teastáil chun dul ar aghaidh leis an iarraidh.

2. Ar iarraidh ar chúnamh ón Aontas a fháil don Choimisiún, beidh costais na gníomhaíochta freagartha a iarradh incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, gan dochar d'Airteagal 55.

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh córas leictreonach malartaithe tiomnaithe a úsáid le haghaidh gach malartú le tairbhithe, lena n-áirítear comhaontuithe deontais a thabhairt i gcrích agus fógra a thabhairt faoi chinntí deontais agus aon leasú orthu, de bhun Airteagal 148 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

([10]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 *(IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).* .

4. Ar iarraidh a fháil ar chúnamh ón Aontas le haghaidh gníomhaíocht freagartha, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi na pointí teagmhála a ainmníonn na Ballstáit faoi Airteagal 9(7) de Chinneadh 1313/2013/AE trí CECIS.

5. Má iarrann Ballstát cúnamh ón Aontas dá dtagraítear in Airteagal 53(2), pointe (b), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit nó ar oibreoirí príobháideacha, nó orthu araon, mionsonraí a sholáthar dó maidir le haon acmhainn trealaimh, iompair agus lóistíochta is féidir leo a thairiscint. Cuirfidh an Coimisiún sprioc-am in iúl chun an fhaisnéis sin a sholáthar.

6. Comhroinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis a gheofar de bhun mhír 5 leis an mBallstát a dhéanfaidh an iarraidh, mar aon le haon fhaisnéis eile atá ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní trealaimh, iompair agus lóistíochta atá ar fáil ó fhoinsí eile, lena n-áirítear an margadh tráchtála, agus cuideoidh sé leis na Ballstáit rochtain a fháil ar na hacmhainní breise sin.

7. Cuirfidh an Ballstát a dhéanann an iarraidh an Coimisiún ar an eolas faoi na réitigh trealaimh, iompair agus lóistíochta a roghnaíonn an Ballstát, agus déanfaidh sé idirchaidreamh leis na Ballstáit a sholáthraíonn an tacaíocht sin nó leis an oibreoir a sholáthraíonn na seirbhísí sin a shainaithníonn an Coimisiún. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas freisin faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir lena chúnamh cosanta sibhialta a sholáthar.

8. I gcás ina roghnóidh an Ballstát seirbhísí a sholáthraíonn an margadh tráchtála, deimhneoidh sé i scríbhinn a iarraidh ar sheirbhís iompair agus lóistíochta agus a ghealltanas aisíocaíocht a dhéanamh leis an gCoimisiún i gcomhréir le mír 9.

9. Maidir leis na costais a thabhaíonn an Coimisiún nuair a roghnaíonn an Ballstát iarrthach seirbhísí a sholáthraíonn an margadh tráchtála, eiseoidh an Coimisiún nóta dochair don Bhallstát a thairbhigh de chúnamh airgeadais ón Aontas.

10. I gcás Airteagal 53(2), pointe (b), féadfaidh Ballstát amháin ceannaireacht a thabhairt maidir leis an nós imeachta faoin Airteagal seo a chomhordú.

*Airteagal 55*

**Cinneadh maidir le cúnamh ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha**

1. Agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarrataí i gcomhréir le hAirteagal 53, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

(a) an fhaisnéis atá san iarraidh ar chúnamh maoinithe ón Aontas i gcomhair gníomhaíochtaí freagartha a chuireann Ballstát isteach i gcomhréir le hAirteagal 54(1);

(b) na riachtanais arna gcur in iúl ag an tír a ndéantar difear di agus atá ag gníomhachtú Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, na riachtanais a shainaithníonn ERCC agus riachtanais na dtíortha eile a ndéantar difear dóibh, amhail i gcás gníomhachtuithe cúnaimh chonsalaigh;

(c) aon mheasúnú ar riachtanais a dhéanann Foireann an Aontais um Chosaint Shibhialta a imscartar sa tír a ndéantar difear di agus saineolaithe a thuairiscíonn don Choimisiún díreach roimh an tubaiste nó lena linn;

(d) faisnéis ábhartha agus iontaofa eile atá ar fáil don Choimisiún tráth an chinnidh a sholáthraíonn na Ballstáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(e) éifeachtúlacht agus éifeachtacht na réiteach nó na n-oibríochtaí iompair agus lóistíochta atá ceaptha chun a áirithiú go seachadfar cúnamh cosanta sibhialta go tráthúil;

(f) gníomhaíochtaí ábhartha eile a dhéanann an Coimisiún.

2. Soláthróidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise is gá chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí i gcomhréir le hAirteagal 53. Tar éis dóibh iarraidh ar fhaisnéis bhreise a fháil ón gCoimisiún, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis a iarradh a luaithe is féidir.

3. Cuirfidh an Coimisiún in iúl méid na híocaíochta réamh-mhaoinithe atá le híoc. Féadfaidh an íocaíocht réamh-mhaoinithe sin a bheith suas le 85 % den ranníocaíocht airgeadais a iarrtar ón Aontas, faoi réir acmhainní buiséadacha a bheith ar fáil. Ní sholáthrófar aon réamh-mhaoiniú do ghníomhaíochtaí freagartha a bheidh curtha i gcrích cheana féin. Ní sholáthrófar aon réamh-mhaoiniú mura gcomhlíonann deontais an tairseach a bhunaítear le haghaidh deontais ar luach íseal a shainítear in Airteagal 2, pointe (41), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, mura féidir leis an mBallstát a iarrann tacaíocht airgeadais a léiriú go gcuirfeadh easpa réamh-mhaoinithe cur chun feidhme na gníomhaíochta freagartha i mbaol.

4. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le cúnamh ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí freagartha a chur in iúl láithreach don Bhallstát a iarrann tacaíocht airgeadais agus do gach Ballstát eile.

*Airteagal 56*

**Cúiteamh i ndamáiste**

D’ainneoin Airteagal 340 den Chonradh, staonfaidh an Ballstát a iarrann cúnamh ón Aontas ó aon iarraidh a dhéanamh ar chúiteamh ón Aontas i leith damáiste a dhéantar dá mhaoin nó dá fhoireann seirbhíse i gcás ina ndéantar an damáiste sin mar iarmhairt ar sholáthar acmhainní iompair nó seirbhísí a rialaítear leis an gCinneadh seo, mura gcruthófar gur d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí a tharla sé.

*Airteagal 57*

**Údaráis inniúla a ainmniú**

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla chun cúnamh airgeadais ón Aontas a iarraidh agus a fháil nó údaróidh siad eintitis eile chun cúnamh airgeadais ón Aontas a iarraidh agus a fháil, chun gníomhaíochtaí freagartha eile a chur chun feidhme ar bhonn Airteagal 22, pointe (c), de Chinneadh 1313/2013/AE. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin agus tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún faoi aon athrú.

2. Maidir le heintitis ar leo acmhainneachtaí nó a rialaíonn go héifeachtach acmhainneachtaí atá réamhgheallta do DECS, nuair a imscarfar iad, féadfaidh na Ballstáit iad a ainmniú nó a údarú de réir bhrí mhír 1.

CAIBIDIL 12

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 58*

**Aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/762/AE agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1310.

Déanfar tagairtí do na Cinntí Cur Chun Feidhme aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Chinneadh seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 59*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Hadja LAHBIB
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN I*

**CECIS**

**Teimpléad tíre le haghaidh ____________________ (tír) atá rannpháirteach sa Chomhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála (CECIS)**

**dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Údarás náisiúnta inniúil ________________________________________

**Comhalta den Choiste um Chosaint Shibhialta**

<table>
<tr><td>Céadainm</td><td colspan="2"></td><td>Sloinne</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Sráid</td><td colspan="2"></td><td>Cathair</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td>Cód Poist</td><td colspan="5"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Teil:</td><td colspan="2">Facs</td><td colspan="2">Ríomhphost</td></tr>
</table>

(I gcás leaschomhaltaí, líon isteach tábla comhchosúil)

**Faisnéis faoi láithreán/láithreáin an phointe/na bpointí teagmhála atá le nascadh le CECIS**

<table>
<tr><td>Institiúid</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Sráid</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cathair</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Cód Poist</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td></td><td>Ceannaire sheirbhís oibríochtúil eagraíocht an phointe teagmhála</td><td>Teagmhálaí le haghaidh ábhair theicniúla</td><td>Oifigeach slándála áitiúil um chlárúchán</td></tr>
<tr><td>Sloinne</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Túsainm</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Teil:</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Facs</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ríomhphost</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

(Cuir línte leis i gcás níos mó ná láithreán amháin)

Déanfaidh an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla ábhartha eile uile a chur in iúl i scríbhinn don údarás náisiúnta inniúil.

COMHAONTÚ

Deimhnímid cruinneas an mhéid thuas agus geallaimid an méid seo a leanas:

— An fhaisnéis agus an cúnamh uile is gá a sholáthar don Choimisiún Eorpach i gcomhthéacs CECIS a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh.

— A áirithiú go mbeidh na hacmhainní buiséadacha is gá ar fáil d'fheidhmiú an naisc.

Comhalta den Choiste um Chosaint Shibhialta:

____________________ (Síniú)

____________________ (Dáta)

Ard-Stiúrthóir:

____________________ (Síniú)

____________________ (Dáta)

Tarchuir cóip shínithe trí ghnáthphost nó trí fhacs chuig an gCoimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht ECHO.A1 Oibríochtaí Práinnfhreagartha, mar aon le cóip ríomhphoist chuig ECHO-ERCC@ec.europa.eu

*IARSCRÍBHINN II*

**ÍOSCHEANGLAIS THEICNIÚLA MAIDIR LE MODÚIL AGUS FOIRNE CÚNAIMH THEICNIÚIL AGUS TACAÍOCHTA**

**Tuilte**

Caidéalú ardtoillte

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Caidéalú a sholáthar:<br>— i limistéir faoi thuilte,<br>— chun cabhrú le comhrac dóiteáin trí uisce a sheachadadh. |
| Acmhainneachtaí | Caidéalú a sholáthar le caidéil mheántoillte agus ardtoillte shoghluaiste ag a bhfuil:<br>— toilleadh foriomlán 1 000 $m^3$/uair an chloig ar a laghad, agus<br>— toilleadh laghdaithe chun difríocht airde 40 m a chaidéalú.<br>An cumas:<br>— oibriú i limistéir agus tír-raon nach bhfuil inrochtana go héasca,<br>— uisce láibe a chaidéalú, nach bhfuil níos mó ná 5 faoin gcéad de dhúile soladacha ann ag a bhfuil cáithníní de mhéid suas le 40 mm,<br>— uisce a chaidéalú suas le 40 °C le haghaidh oibríochtaí níos faide,<br>— uisce a sheachadadh thar achar 1 000 m. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Caidéil mheántoillte agus ardtoillte.<br>Píobáin agus cúpláin atá comhoiriúnach le caighdeáin éagsúla, lena n-áirítear caighdeán Storz.<br>Pearsanra leordhóthanach chun an cúram a chomhlíonadh, más gá, ar bhonn leanúnach. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith imscartha ar feadh tréimhse suas le 21 lá. |

Íonú uisce

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Uisce inólta a sholáthar, ó fhoinsí uisce dromchla, de réir na gcaighdeán is infheidhme agus ar a laghad de réir leibhéal chaighdeáin EDS.<br>Rialú cáilíochta uisce a dhéanamh ag pointe tógála an trealaimh íonúcháin. |
| Acmhainneachtaí | 225 000 lítear uisce a íonú in aghaidh an lae.<br>Toilleadh stórála atá coibhéiseach le táirgeadh leathlae. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Trealamh díshalannaithe (roghnach).<br>Aonad soghluaiste íonaithe uisce.<br>Aonad soghluaiste stórála uisce.<br>Saotharlann allamuigh shoghluaiste.<br>Cúpláin atá comhoiriúnach le caighdeáin éagsúla, lena n-áirítear caighdeán Storz.<br>Pearsanra leordhóthanach chun an cúram a chomhlíonadh, más gá, ar bhonn leanúnach. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |

| | |
|---|---|
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith imscartha ar feadh tréimhse suas le 12 sheachtain. |

Srianadh tuilte

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Struchtúir atá ann cheana a threisiú agus bacainní nua a thógáil chun tuilleadh tuilte aibhneacha, abhantrach agus uiscebhealaí a bhfuil leibhéil uisce ag ardú iontu a chosc. |
| Acmhainneachtaí | An cumas uisce a dhambáil suas le híosairde 0,8 m agus úsáid á baint as an méid seo a leanas:<br>— na hábhair lenar féidir bacainn 1 000 m ar fad a thógáil,<br>— ábhair bhreise a chuirtear ar fáil ar an láthair,<br>— an cumas na leibhéanna atá ann cheana a threisiú,<br>— an cumas oibriú ag trí shuíomh ar a laghad an tráth céanna laistigh de limistéar atá inrochtana ag trucailí,<br>— feidhmiú 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 7 lá,<br>— bacainní agus díoga a mhaoirsiú agus a chothabháil,<br>— an cumas a bheith ag obair le foireann áitiúil. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Ábhar chun bacainní uiscedhíonacha a thógáil le haghaidh fad iomlán ó cheann go ceann 1 000 m (agus cuirfidh na húdaráis áitiúla gaineamh ar fáil).<br>Scragaill/leatháin phlaisteacha (más gá chun bacainn atá ann cheana a dhéanamh uiscedhíonach, de réir dhéanamh na bacainne).<br>Meaisín líonta málaí gainimh. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>Imscaradh ar tír nó ar muir. Ní rogha é imscaradh d’aer ach i gcásanna a bhfuil údar maith leo.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 10 lá ar a laghad. |

Tarrtháil tuilte agus úsáid á baint as báid

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cuardach agus tarrtháil uisce agus cabhrú le daoine atá sáinnithe i staid tuilte trí bháid a úsáid.<br>Cabhair tarrthála a sholáthar agus na chéad riachtanais a sheachadadh de réir mar is gá. |
| Acmhainneachtaí | An cumas daoine a chuardach i limistéir uirbeacha agus tuaithe.<br>An cumas daoine a tharrtháil as limistéar faoi thuilte lena n-áirítear cúram leighis ar leibhéal an chéad fhreagróra.<br>An cumas oibriú i gcomhar le cuardach ón aer (héileacaptair agus eitleáin).<br>An cumas na chéad riachtanais saoil a sholáthar i limistéir faoi thuilte:<br>— iompar dochtúirí, cógais, etc.,<br>— bia agus uisce.<br>Ní mór cúig bhád ar a laghad a bheith sa mhodúl agus an cumas 50 duine a iompar san iomlán, gan foireann an mhodúil san áireamh.<br>Dearfar na báid lena n-úsáid i ndálaí aeráide fuaire agus beidh siad in ann tiomáint in aghaidh srutha in aghaidh sreabhadh 10 muirmhíle san uair ar a laghad.<br>Ag feidhmiú 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 7 lá. |

| | |
|---|---|
| Príomh-chomhpháirteanna | Báid atá deartha:<br>— le haghaidh dálaí uisce sruthaithe éadomhain (> 0,5 m),<br>— lena n-úsáid i ndálaí gaofara,<br>— lena n-úsáid i rith an lae agus san oíche,<br>— agus iad feistithe de réir caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta lena n-áirítear seaicéid tarrthála do na paisinéirí.<br>Daoine ar cuireadh oiliúint orthu maidir le tarrtháil thapa ó uisce. (Ní gá tumadóireacht, ach tarrtháil dromchla amháin). |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>Imscaradh ar tír nó ar muir. Ní rogha é imscaradh d'aer ach i gcásanna a bhfuil údar maith leo.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 10 lá ar a laghad. |

**Leigheas**

Aslonnú aerleighis íospartach tubaiste

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Íospartaigh tubaiste a iompar chuig saoráidí sláinte le haghaidh cóir leighis. |
| Acmhainneachtaí | Acmhainneacht chun othair a iompar ar shínteáin.<br>An cumas eitilt de lá agus d'oíche. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Héileacaptair/eitleáin ag a bhfuil sínteáin |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(1), pointí (f) agus (g). |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

Aslonnú aerleighis d'othair a bhfuil galar an-tógálach orthu

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Aeriompar, lena n-áirítear cóireáil le linn eitilte ar othair a bhfuil galar an-tógálach orthu chuig saoráidí speisialaithe sláinte san Aontas. |
| Acmhainneachtaí | Aerárthaí ag a bhfuil acmhainneacht othar amháin ar a laghad nó níos mó a bhfuil galar an-tógálach orthu a iompar in aghaidh na heitilte; |
| Príomh-chomhpháirteanna | An cumas eitilt de lá agus d'oíche.<br>Córas le haghaidh cóireáil leighis shábháilte le linn eitilte a chur ar othair a bhfuil galar an-tógálach orthu, lena n-áirítear dianchúram [1]:<br>— pearsanra leighis atá oilte go hiomchuí chun cúram a sholáthar d'othar amháin nó níos mó a bhfuil galar an-tógálach orthu;<br>— trealamh teicniúil agus leighis tiomnaithe ar bord chun cúram a sholáthar d'othair a bhfuil galar an-tógálach orthu le linn na heitilte;<br>— nósanna imeachta iomchuí lena n-áirithítear leithlisiú agus cóireáil othar a bhfuil galar an-tógálach orthu le linn an aeriompair.<br>Tacaíocht:<br>— aerchriú atá curtha in oiriúint don líon othar a bhfuil galar an-tógálach orthu agus do thráthchlár na heitilte;<br>Nósanna imeachta iomchuí lena n-áirithítear láimhseáil trealaimh agus dramhaíola mar aon le dí-éilliú de réir caighdeáin idirnáisiúnta sheanbhunaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, reachtaíocht ábhartha an Aontais. |

| | |
|---|---|
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(1), pointí (f) agus (g). |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 24 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

([1]) D'fhéadfadh an cur chuige coimeádánaithe a bheith san áireamh i gcóras den sórt sin.

Foireann leighis éigeandála (EMT) chineál 1 (seasta): Cúram Éigeandála Othar Seachtrach

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúram éigeandála tosaigh othar seachtrach maidir le gortuithe agus riachtanais mhóra eile cúraim sláinte, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:<br>— triáis, measúnú, garchabhair,<br>— éigeandálaí diantráma agus neamhthráma a chobhsú agus a atreorú,<br>— cúram cinnte do mhion-éigeandálaí tráma agus d'éigeandálaí neamhthráma; |
| Acmhainneachtaí | Seirbhísí lae le haghaidh 100 comhairliúchán othar seachtrach ar a laghad in aghaidh an lae. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Riachtanais foirne:<br>— Bainistíocht: baill foirne a chumhdóidh feidhmeanna an Cheannaire Foirne, an Leascheannaire Foirne, an Oifigigh Idirchaidrimh (nasc chuig Ionad Glactha/Imeachta, Lárionad Comhordúcháin Oibríochtaí ar an Láthair nó sásra comhordaithe eile de réir mar is iomchuí, údarás áitiúil bainistithe éigeandála), an Oifigigh Sábháilteachta agus Slándála,<br>— Gairmithe Sláinte: mar a shainítear i gcaighdeáin íosta EDS,<br>— Lóistíocht: Bainisteoir Foirne Lóistíochta + foireann lóistíochta amháin i gcomhréir le ceanglais neamhthuilleamaíochta.<br>Comhlíonfaidh an fhoireann 'Aicmiú agus na caighdeáin íosta d'fhoirne leighis eachtracha i dtubaistí a tharlaíonn go tobann' agus treoirlínte ina dhiaidh sin nó treoirlínte breise arna n-eisiúint ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). |
| Neamhthuilleamaíocht | Ba cheart don fhoireann neamhthuilleamaíocht a áirithiú le linn an ama imscartha ar fad. Tá feidhm ag Airteagal 12 agus, ina theannta sin, tá feidhm ag caighdeáin íosta EDS. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 24-48 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 14 lá ar a laghad. |

Foireann leighis éigeandála (EMT) chineál 1 (soghluaiste): Cúram Éigeandála Othar Seachtrach

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúram éigeandála tosaigh othar seachtrach maidir le gortuithe agus riachtanais mhóra eile cúraim sláinte, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:<br>— triáis, measúnú, garchabhair,<br>— éigeandálaí diantráma agus neamhthráma a chobhsú agus a atreorú,<br>— cúram cinnte do mhion-éigeandálaí tráma agus d'éigeandálaí neamhthráma; |
| Acmhainneachtaí | Seirbhísí lae le haghaidh 50 comhairliúchán othar seachtrach ar a laghad in aghaidh an lae. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Riachtanais foirne:<br>— Bainistíocht: baill foirne a chumhdóidh feidhmeanna an Cheannaire Foirne, an Leascheannaire Foirne, an Oifigigh Idirchaidrimh (nasc chuig Ionad Glactha/Imeachta, Lárionad Comhordúcháin Oibríochtaí ar an Láthair nó sásra comhordaithe eile de réir mar is iomchuí, údarás áitiúil bainistithe éigeandála), an Oifigigh Sábháilteachta agus Slándála,<br>— Gairmithe Sláinte: mar a shainítear i gcaighdeáin íosta EDS, |

| | |
|---|---|
| | — Lóistíocht: Bainisteoir Foirne Lóistíochta + foireann lóistíochta amháin i gcomhréir le ceanglais neamhthuilleamaíochta.<br>Comhlíonfaidh an fhoireann 'Aicmiú agus na caighdeáin íosta d'fhoirne leighis eachtracha i dtubaistí a tharlaíonn go tobann' agus treoirlínte ina dhiaidh sin nó treoirlínte breise arna n-eisiúint ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). |
| Neamhthuilleamaíocht | Ba cheart don fhoireann neamhthuilleamaíocht a áirithiú le linn an ama imscartha ar fad. Tá feidhm ag Airteagal 12 agus, ina theannta sin, tá feidhm ag caighdeáin íosta EDS. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 24-48 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 14 lá ar a laghad. |

Foireann leighis éigeandála (EMT) chineál 2: Cúram Éigeandála Máinliachta Othar Cónaitheach

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Géarchúram othar cónaitheach, máinliacht ghinearálta agus chnáimhseach le haghaidh tráma agus mór-riochtaí eile, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:<br>— iontógáil/Scagadh othar nua agus atreoraithe, frith-atreorú,<br>— triáis agus measúnú máinliachta,<br>— ardtacaíocht beatha;<br>— bainistiú deifnídeach créachta agus bristeacha bunúsacha,<br>— máinliacht rialaithe damáiste,<br>— máinliacht éigeandála ghinearálta agus chnáimhseach,<br>— cúram othar cónaitheach le haghaidh éigeandálaí neamhthráma,<br>— ainéistéise bhunúsach, X-ghathú, steiriliú, saotharlann agus fuilaistriú,<br>— seirbhísí athshlánaithe agus cúram leantach othar.<br>An cumas foirne cúraim speisialaithe a fháil agus a chomhtháthú chun oibriú laistigh dá saoráid, mura féidir leis an bhfoireann cuid de na seirbhísí thuas a sholáthar. |
| Acmhainneachtaí | Seirbhísí lae agus oíche (lena gcumhdaítear 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 7 lá más gá), lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:<br>— obrádlann amháin ina bhfuil aon seomra obráide amháin; 20 leaba othar cónaitheach ar a laghad in aghaidh an tábla obráide,<br>— an cumas 7 mórchás máinliachta nó 15 mhionchás máinliachta a chóireáil in aghaidh an lae. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Riachtanais Foirne:<br>— Bainistíocht: Ceannaire Foirne amháin; Leascheannaire Foirne amháin; Oifigeach Idirchaidrimh amháin (nasc chuig Ionad Glactha/Imeachta, Lárionad Comhordúcháin Oibríochtaí ar an Láthair nó sásra comhordúcháin eile de réir mar is iomchuí, an tÚdarás Áitiúil Bainistithe Éigeandála); Oifigeach Sábháilteachta agus Slándála amháin,<br>— Gairmithe Sláinte: mar a shainítear i gcaighdeáin íosta na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS),<br>— Lóistíocht: Bainisteoir Foirne Lóistíochta + foireann lóistíochta amháin don fhoireann leighis éigeandála agus dá hothair chónaitheacha.<br>Comhlíonfaidh an fhoireann 'Aicmiú agus na caighdeáin íosta d'fhoirne leighis eachtracha i dtubaistí a tharlaíonn go tobann' agus treoirlínte ina dhiaidh sin nó treoirlínte breise arna n-eisiúint ag EDS. |
| Neamhthuilleamaíocht | Ba cheart don fhoireann neamhthuilleamaíocht a áirithiú le linn an ama imscartha ar fad. Tá feidhm ag Airteagal 12 agus, ina theannta sin, tá feidhm ag caighdeáin íosta EDS. |

| | |
|---|---|
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 48-72 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh, agus an cumas a bheith oibríochtúil ar an láthair laistigh de 24-96 uair an chloig.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 3 seachtaine ar a laghad lasmuigh den Aontas, agus ar feadh 14 lá ar a laghad laistigh den Aontas. |

Foireann leighis éigeandála (EMT) chineál 3: Cúram Atreoraithe Othar Cónaitheach

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúram máinliachta casta atreoraithe othar cónaitheach, lena n-áirítear acmhainneacht dianchúraim, agus na seirbhísí seo a leanas san áireamh:<br>— acmhainneacht seirbhísí EMT chineál 2 a sholáthar,<br>— cúram créachta casta athchruthaithí agus cúram ortaipéideach,<br>— X-ghathú feabhsaithe, steiriliú, saotharlann agus fuilaistriú,<br>— seirbhísí athshlánaithe agus cúram leantach othar,<br>— ainéistéise phéidiatraiceach agus aosach ardleibhéil,<br>— leapacha dianchúraim ag a bhfuil monatóireacht 24 uair an chloig agus an cumas aeráil a dhéanamh,<br>— seirbhísí glactha agus atreoraithe ó fhoirne leighis éigeandála de chineálacha 1 agus 2, agus ón gcóras sláinte náisiúnta.<br>Féadfar seirbhísí speisialaithe a áireamh, amhail:<br>— cúram dó;<br>— scagdhealú agus cúram siondróim bhrú;<br>— máinliacht mascaille agus béil;<br>— máinliacht ortaphlaisteach;<br>— dian-athshlánú;<br>— sláinte mháthartha;<br>— cúram nuabheirthe agus péidiatraiceach;<br>— iompar agus aisghabháil. |
| Acmhainneachtaí | Seirbhísí lae agus oíche (lena gcumhdaítear 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 7 lá más gá), lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:<br>— obrádlann amháin ag a bhfuil dhá bhord obráide ar a laghad in dhá sheomra ar leith laistigh de limistéar na hobrálainne, 40 leaba othar cónaitheach (20 in aghaidh an bhoird) ar a laghad, agus ceithre-sé leaba dianchúraim. Teastóidh 20 leaba bhreise othar cónaitheach an ceann le haghaidh boird obráide bhreise, chun acmhainneacht iarobráide leordhóthanach a áirithiú,<br>— an cumas 15 mhórchás máinliachta nó 30 mionchás máinliachta a chóireáil in aghaidh an lae. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Riachtanais Foirne:<br>— Bainistíocht: Ceannaire Foirne amháin; Leascheannaire Foirne amháin; Oifigeach Idirchaidrimh amháin (nasc chuig Ionad Glactha/Imeachta, Lárionad Comhordúcháin Oibríochtaí ar an Láthair nó sásra comhordúcháin eile de réir mar is iomchuí, an tÚdarás Áitiúil Bainistithe Éigeandála); Oifigeach Sábháilteachta agus Slándála amháin,<br>— Foireann Gairmithe Sláinte: mar a shainítear i gcaighdeáin íosta na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS),<br>— Foireann Lóistíochta: Bainisteoir Foirne Lóistíochta + foireann lóistíochta amháin don fhoireann leighis éigeandála agus dá hothair chónaitheacha.<br>Comhlíonfaidh an fhoireann ‘Aicmiú agus na caighdeáin íosta d’fhoirne leighis eachtracha i dtubaistí a tharlaíonn go tobann’ agus treoirlínte ina dhiaidh sin nó treoirlínte breise arna n-eisiúint ag EDS. |
| Neamhthuilleamaíocht | Ba cheart don fhoireann neamhthuilleamaíocht a áirithiú le linn an ama imscartha ar fad. Tá feidhm ag Airteagal 12 agus, ina theannta sin, tá feidhm ag caighdeáin íosta EDS. |

| | |
|---|---|
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 48-72 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh, agus an cumas a bheith oibríochtúil ar an láthair laistigh de 5-7 lá.<br>An cumas a bheith ag feidhmiú ar feadh 8 seachtaine ar a laghad lasmuigh den Aontas, agus ar feadh 14 lá ar a laghad laistigh den Aontas. |

**Dídean agus tacaíocht eile**

Dídean éigeandála

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Dídean éigeandála sealadach a sholáthar don daonra a ndéantar difear dó, lena n-áirítear spás le haghaidh tithíochta, sláinteachais agus sláintíochta, bunseirbhís leighis agus bailiú sóisialta.<br>Foireann a sholáthar chun aonaid dídine a láimhseáil, a shlógadh, a chóimeáil, a chur ar bun agus a choinneáil ar bun nuair is gá. I gcás ina ndéantar aistriú, oiliúint a chur ar an bpearsanra ábhartha (áitiúil nó idirnáisiúnta) sula dtarraingeofar amach an acmhainneacht dídine. |
| Acmhainneachtaí | Acmhainneacht dídine atá comhdhéanta de chúltaisce fhisiceach sócmhainní atá in ann dídean a thabhairt do 250 duine ar a laghad nuair a imscartar go comhuaineach iad. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Aonaid dídine, lena n-áirítear pubaill, ina bhfuil téamh (le haghaidh dálaí geimhridh), córais aeraithe iomchuí (le haghaidh dálaí samhraidh), agus bunábhar, amhail leapacha le mála codlata agus/nó pluideanna.<br>Saoráidí sláintíochta agus sláinteachais. Otharlann le haghaidh seirbhísí bunúsacha leighis. Pacáistí sláintíochta bunúsacha.<br>Saoráidí ilchuspóireacha le haghaidh ullmhú (roghnach) agus tomhaltas bia, dáileadh uisce inólta, tionól shóisialta.<br>Gineadóirí cumhachta agus trealamh soilsithe.<br>Socruithe iomchuí lena n-áirithítear iompar agus seachadadh leordhóthanach na n-aonad.<br>Pearsanra atá oilte go hiomchuí agus sócmhainní chun sócmhainní fisiciúla sa limistéar atá buailte a láimhseáil, a shlógadh, a chóimeáil, a chur ar bun agus a choinneáil ar bun. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta ag an gcúlchiste fíorúil laistigh de 24 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>Tá fad an mhisin agus, más infheidhme, tús phróiseas an aistrithe le sainiú i gcomhaontú leis an tír a ndéantar difear di. |

Cosaint na hoidhreachta cultúrtha

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Tacaíocht theicniúil, oibríochtúil agus sábháilteachta chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint |
| Acmhainneachtaí | Rannchuidítear leis an modúl chun an oidhreacht chultúrtha shochorraithe, dhochorraithe agus dholáimhsithe a chosaint/a choimirciú trí chúraimí, amhail:<br>— measúnú riosca agus/nó measúnú damáiste,<br>— bainistiú éigeandála na hoidhreachta cultúrtha, |

| | |
|---|---|
| | — bainistiú faisnéise na hoidhreachta cultúrtha,<br>— pleanáil éigeandála agus teicnící maolaithe damáiste,<br>— sócmhainní oidhreachta cultúrtha a dhaingniú, a aisghabháil,<br>— tacaíocht a sholáthar don Mheasúnú ar Riachtanais Iarthubaiste (PDNA). |
| Príomh-chomhpháirteanna | Foireann iomchuí saineolaithe ó ghníomhaireachtaí bainistithe tubaistí agus cosanta oidhreachta cultúrtha a bheith ann;<br>Trealamh iomchuí amhail:<br>— foireann uirlisí do shaineolaithe oidhreachta cultúrtha (i.e. trealamh cosanta pearsanta (TCP)).<br>— foireann uirlisí (más gá) chun idirghabháil a dhéanamh maidir le sócmhainní oidhreachta cultúrtha a chosaint/a choimirciú, de réir Théarmaí Tagartha an mhisin.<br>Trealamh eile amhail trealamh cumarsáide/malartaithe faisnéise leis na comhpháirtithe ábhartha. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 96 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh<br>An cumas oibriú ar feadh 10 lá agus an fhéidearthacht síneadh a chur leis. |

Soláthar Fuinnimh Éigeandála

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cumhacht chúltaca éigeandála a sholáthar.<br>Foireann a sholáthar chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a láimhseáil, a chóimeáil/a dhíchóimeáil, a shuiteáil/a dhíshuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun nuair is gá.<br>I gcás ina mbeidh aistriú ann, an pearsanra ábhartha (áitiúil agus/nó idirnáisiúnta) a oiliúint sula dtarraingeofar foireann as an modúl. |
| Acmhainneachtaí | Aonaid soláthair fuinnimh éigeandála chun fuinneamh éigeandála a ghiniúint agus/nó a sholáthar ar an láthair nuair a imscartar go comhuaineach iad.<br>Ní mór don mhodúl a bheith in ann cumhacht a sholáthar ar feadh míosa ar a laghad. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Gineadóirí cumhachta de mhéideanna éagsúla chun gur féidir solúbthacht agus inscálaitheacht a bheith ann.<br>Córais leordhóthanacha nascachta, sioncrónaithe, faireacháin agus aistrithe cumhachta chun gur féidir an acmhainneacht a nascadh leis na saoráidí a ndéantar difear dóibh agus chun gur féidir rialú comhthreomhar a dhéanamh ar aonaid freisin.<br>Líon leordhóthanach páirteanna spártha agus tomhaltán eile le haghaidh fheidhmiú na hacmhainneachta, amhail ceallraí, trealamh saothraithe fuinnimh, trealamh nascachta agus sioncrónaithe, cineálacha eile gairis agus seirbhísí gaolmhara.<br>Nósanna imeachta leordhóthanacha chun soláthar breosla éigeandála a áirithiú le haghaidh feidhmiú na hacmhainneachta.<br>Nósanna imeachta leordhóthanacha chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a iompar, a láimhseáil, a chóimeáil/a dhíchóimeáil, a shuiteáil/a dhíshuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun.<br>Trealamh soilsiúcháin le haghaidh soilsiú éigeandála an limistéir a ndéantar difear dó chomh maith le córais cosanta tintrí.<br>Saoráidí stórála leordhóthanacha.<br>Pearsanra agus sócmhainní arna n-oiliúint go hiomchuí chun an acmhainneacht soláthair fuinnimh éigeandála a láimhseáil, a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun. |

| | |
|---|---|
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta ag an bhfoireann theicniúil agus na comhpháirteanna in-imscartha 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis glacadh leis an tairiscint. |

Iompar agus lóistíocht

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Aeriompar agus seirbhísí lóistíochta gaolmhara a sholáthar do dhaoine, lena n-áirítear foirne a bhfuil baint acu le hoibríochtaí freagartha nó le haeriompar ábhair/trealaimh. |
| Acmhainneachtaí | An cumas feidhmeanna tacaíochta lóistíochta ábhartha a áirithiú.<br>An cumas oibriú de lá agus d'oíche.<br>An cumas feidhmiú, i gcás inar gá, in imthosca atá dúshlánach ó thaobh oibríochta de.<br>An cumas cúigear paisinéirí ar a laghad nó ábhar a iompar (ionas gur féidir foirne beaga/saineolaithe/píolótaí a imscaradh go tapa). |
| Príomh-chomhpháirteanna | Aerárthach/Aerárthaí<br>Foireann agus trealamh lóistíochta, más infheidhme<br>Foireann theicniúil, lena n-áirítear criú, atá feistithe agus oilte go leordhóthanach chun na cúraimí a shainítear thuas a dhéanamh.<br>Trealamh cumarsáide leormhaith (amhail cumarsáid aer go haer agus aer go talamh le haghaidh acmhainneachtaí aeir). |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(1), pointí (f) agus (g). |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

Acmhainneacht droichead

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Acmhainneachtaí a sholáthar chun droichid éigeandála a thógáil d'fheithiclí agus do choisithe ([1]).<br>Foireann a sholáthar chun an acmhainneacht droichid a iompar, a láimhseáil, a chóimeáil, a shuiteáil, a oibriú agus a choinneáil ar bun nuair is gá. I gcás ina mbeidh aistriú ann, an pearsanra ábhartha (áitiúil agus/nó idirnáisiúnta) a oiliúint sula dtarraingeofar foireann as an acmhainneacht. |
| Acmhainneachtaí | Beidh an acmhainneacht droichid in ann tógáil droichead a dhéanamh go neamhthuilleamaíoch ([2]) laistigh de thréimhse 6 seachtaine ([3]), le rampaí i gcás inar gá.<br>Droichead feithicle: 1 lána amháin; 20 m ar fad; ualach 20 t ar a laghad; paistí paisinéirí do choisithe.<br>Droichead coisithe: leithead 150 cm ar a laghad (leordhóthanacht chun cathaoireacha rothaí a láimhseáil); suas le 25 m ar fad; ina shaorsheasamh nó a bhfuil tacaíocht shnámhach aige; ualach 5 kN/$m^2$ ar a laghad. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Trealamh agus feithiclí chun na hoibreacha ullmhúcháin uile is gá a dhéanamh sa limistéar bruachánach ([4]).<br>Trealamh agus feithiclí iomchuí chun comhpháirteanna an droichid agus foireann a iompar le haghaidh an imscartha tosaigh agus an iompair ar an láthair.<br>Trealamh agus feithiclí/craenacha chun cóimeáil na ndroichead ar an láthair a éascú. |

| | |
|---|---|
| | Pearsanra ar cuireadh oiliúint iomchuí orthu agus sócmhainní chun an trealamh a láimhseáil agus a shlógadh.<br><br>Saoráidí stórála iomchuí san Aontas ([5]), lóistíocht agus córas faireacháin stoc-charntha leordhóthanach. |
| Neamhthuilleamaíocht | I gcás ina n-imscarfar an acmhainneacht in éineacht leis an bhfoireann, áiritheofar leis an acmhainneacht ar a laghad neamhthuilleamaíocht le linn na chéad 96 uair an chloig den imscaradh. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 72 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br><br>Más infheidhme, cinnfear fad an mhisin i gcomhaontú leis an tír a ndéantar difear di. |

([1]) Mar gheall ar a chasta atá sé, níor cheart droichid iarnróid a mheas d'acmhainneacht droichid DECS.
([2]) Ba cheart tógálacha féintacaithe gan piléir tacaíochta a úsáid do dhroichid coisithe agus feithiclí araon. Níor cheart srian a chur ar loingseoireacht bád nó feithiclí eile leis na tógálacha.
([3]) Ba cheart córais tógála éagsúla ó chórais speisialaithe fráma oibre go córais atá tapa le feistiú a chur san áireamh.
([4]) Ní áirítear asfalt a leagan ar chosáin iomchuí chuig an droichead nó amach ón droichead.
([5]) Chun críocha lóistíocht na saoráidí stórála, cuimsíonn 'san Aontas' críocha na mBallstát agus na Stát Rannpháirteach de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

**CBRN agus comhshaoil**

Brath agus sampláil cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRNDET)

| | |
|---|---|
| Cúraimí | An measúnú tosaigh a dhéanamh/a dheimhniú, lena n-áirítear:<br>— tuairisc ar na contúirtí nó ar na rioscaí,<br>— an limistéar éillithe a chinneadh,<br>— measúnú nó deimhniú na mbeart cosanta a rinneadh cheana,<br>— sampláil cháilithe a dhéanamh,<br>— an limistéar éillithe a mharcáil,<br>— tuar na staide, faireachán, measúnú dinimiciúil ar na rioscaí, lena n-áirítear moltaí maidir le rabhadh agus bearta eile,<br>— tacaíocht a sholáthar chun rioscaí a laghdú láithreach. |
| Acmhainneachtaí | Guaiseacha ceimiceacha a shainaithint agus guaiseacha raideolaíocha a bhrath trí theaglaim de threalamh láimhe, soghluaiste agus saotharlann-bhunaithe:<br>— an cumas radaíocht alfa, béite agus gáma a bhrath agus iseatóip choiteanna a shainaithint,<br>— an cumas anailísí leathchainníochtúla a shainaithint, agus más féidir, a dhéanamh ar cheimiceáin thionsclaíocha thocsaineacha choiteanna agus ar oibreáin chogaíochta aitheanta.<br>— an cumas samplaí bitheolaíocha, ceimiceacha agus raideolaíocha a bhailiú, a láimhseáil agus a ullmhú le haghaidh tuilleadh anailísí in áiteanna eile ([1]).<br>— an cumas samhail eolaíoch iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le tuar guaise agus an tsamhail a dheimhniú trí fhaireachán leanúnach.<br><br>Tacaíocht a sholáthar chun rioscaí a laghdú láithreach:<br>— srianadh guaise,<br>— neodrú guaise,<br>— tacaíocht theicniúil a sholáthar d'fhoirne eile nó do mhodúil eile. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Saotharlann allamuigh cheimiceach agus raideolaíoch shoghluaiste.<br><br>Trealamh braite láimhe nó soghluaiste.<br><br>Trealamh samplála allamuigh.<br><br>Córais samhaltaithe easraithe.<br><br>Stáisiún meitéareolaíochta soghluaiste. |

| | |
|---|---|
| | Ábhar marcála.<br>Doiciméadacht thagartha agus rochtain ar fhoinsí ainmnithe saineolais eolaíoch.<br>Srianadh slán sábháilte le haghaidh na samplaí agus na dramhaíola.<br>Saoráidí dí-éilliúcháin don phearsanra.<br>Pearsanra agus trealamh cosanta iomchuí chun oibríocht a choimeád ag imeacht i dtimpeallacht éillithe agus/nó atá easnamhach ó thaobh ocsaigine de, lena n-áirítear cultacha gásobacha i gcás inarb iomchuí.<br>Trealamh teicniúil a sholáthar le haghaidh srianadh agus neodrú guaise.<br>Trealamh faireacháin aeriompartha (roghnach). |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

([1]) Cuirfear san áireamh leis an bpróiseas sin, i gcás inar féidir, ceanglais fhianaiseacha an stáit iarrthaigh.

Dí-éilliú CBRN

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Bonneagair, foirgneamh, nó feithiclí, trealaimh, fianaise chriticiúil nó daoine lena mbaineann, lena n-áirítear básanna, a dhí-éilliú ó oibreáin cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha. |
| Acmhainneachtaí | Cumas dí-éillithe leordhóthanach le haghaidh bonneagair, foirgneamh, nó feithiclí, trealaimh agus fianaise chriticiúil.<br>Má chumhdaítear leis an acmhainneacht daoine a dhí-éilliú, cumas leordhóthanach dí-éillithe do 70 duine atá in ann siúl ar a laghad in aghaidh uair an chloig nó do 10 nduine nach bhfuil in ann siúl in aghaidh uair an chloig mar aon le básanna.<br>An cumas dí-éilliú ó cheimiceáin thionsclaíocha thocsaineacha choiteanna, ó oibreáin chogaíochta aitheanta, ó oibreáin thógálacha bhitheolaíocha (pataiginí) agus ó thocsainí, agus ó radanúiclídí.<br>An cumas saoráidí dí-éillithe sealadacha a thógáil laistigh de gha sábháilte, faireachán a dhéanamh ar an limistéar dí-éillithe chun an timpeallacht oibre a choimeád sábháilte, agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an dí-éillithe. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Trealamh, teicneolaíocht agus réitigh iomchuí chun dí-éilliú ó cheimiceáin thionsclaíocha thocsaineacha choiteanna, ó oibreáin chogaíochta aitheanta, ó oibreáin thógálacha bhitheolaíocha (pataiginí) agus ó thocsainí agus radanúiclídí.<br>Trealamh iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn oibríochtaí dí-éillithe.<br>Trealamh agus pearsanra iomchuí chun bonneagar, foirgnimh, feithiclí, trealamh, fianaise chriticiúil agus cumais chriticiúla a dhí-éilliú.<br>Má chumhdaítear dí-éilliú daoine leis an acmhainneacht, trealamh agus pearsanra iomchuí chun dí-éilliú a dhéanamh ar dhaoine atá in ann siúl agus ar dhaoine nach bhfuil in ann siúl.<br>Cumas agus nósanna imeachta iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar an limistéar dí-éillithe chun an timpeallacht oibre a choimeád sábháilte agus chun éifeachtacht an dí-éillithe a fhíorú.<br>Trealamh cosanta pearsanta iomchuí chun oibriú go sábháilte i dtimpeallacht éillithe ar feadh thréimhse iomlán an imscartha.<br>Córas caidéalaithe agus coimeádáin leordhóthanacha chun uisce a thógáil go háitiúil. |

| | |
|---|---|
| | Córas agus nósanna imeachta bainistithe dramhaíola atá slán agus sábháilte le linn dí-éillithe agus ina dhiaidh, lena n-áirítear réitigh srianta chun dramhaíl éillithe, caidéil, iarsmaí dócháin dramhaíola, trealamh cóireála uisce éillithe agus fuíolluisce a stóráil go sealadach agus go sábháilte. Déanfar dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú, lena n-áirítear uisce éillithe agus seachtháirgí eile, i gcomhréir le rialacháin ábhartha an Aontais nó le rialacháin ábhartha idirnáisiúnta, nó le reachtaíocht na tíre a ndéantar difear di, cibé acu is déine agus le tacaíocht ón tír a ndéantar difear di. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12.<br>An cumas pearsanra na hacmhainneachta féin a dhí-éilliú. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas oibríochtaí a choinneáil ar bun ar feadh 7 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad. |

Cuardach agus tarrtháil faoi dhálaí CBRN

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cuardach agus tarrtháil speisialta agus úsáid á baint as cultacha cosanta. |
| Acmhainneachtaí | Cuardach agus tarrtháil speisialta agus úsáid á baint as cultacha cosanta, i gcomhréir le ceanglais na modúl meánmhéide agus trom cuardaigh agus tarrthála i gceantair uirbeacha de réir mar is cuí.<br>Triúr ag obair go comhuaineach sa limistéar te.<br>Idirghabháil leanúnach le linn 24 uair an chloig. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Ábhar marcála.<br>Srianadh slán agus sábháilte don dramhaíl.<br>Saoráidí dí-éillithe don phearsanra agus do na híospartaigh a tarrtháladh.<br>Pearsanra agus trealamh cosanta iomchuí chun oibríocht chuardaigh agus tarrthála a choimeád ag imeacht i dtimpeallacht éillithe, i gcomhréir le ceanglais na modúl meánmhéide agus trom cuardaigh agus tarrthála i gceantair uirbeacha de réir mar is iomchuí.<br>Trealamh teicniúil a sholáthar le haghaidh srianadh agus neodrú guaise. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

**Cuardach agus tarrtháil i gceantair uirbeacha (USAR) agus gníomhaíochtaí lastall den smionagar (*beyond the rubble*)**

Cuardach agus tarrtháil éadrom i gceantair uirbeacha

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúraimí i gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG.<br>Íospartaigh ([1]) atá lonnaithe faoi smionagar, amhail foirgnimh a thit agus teagmhais iompair, a chuardach, a aimsiú agus a tharrtháil.<br>Garchabhair tharrthála a sholáthar de réir mar is gá, go dtí go n-aistreofar iad le haghaidh tuilleadh cóireála. |

| | |
|---|---|
| Acmhainneachtaí | I gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG, beidh sé de chumas ag an modúl an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>— cuardach a dhéanamh le madraí nó le trealamh cuardaigh teicniúil (nó leis an dá rud),<br>— tarrtháil, lena n-áirítear ardú éadrom,<br>— tarrtháil rópa theicniúil,<br>— ardtacaíocht beatha (2). |
| Príomh-chomhpháirteanna | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG.<br>Bainistíocht (ordú, idirchaidreamh, comhordú, pleanáil, na meáin/tuairisciú, measúnú/anailís, sábháilteacht/slándáil).<br>Cuardach (cuardach teicniúil, cuardach cainíneach).<br>Tarrtháil (briseadh agus sárú, ardú agus bogadh, rópa teicniúil).<br>Leigheas, lena n-áirítear cúram d'othair agus do phearsanra agus madraí cuardaigh na foirne (3). |
| Neamhthuilleamaíocht | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG. |
| Imscaradh | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG. |

(1) Taismeach beo.
(2) Acmhainneacht bhunúsach, áirítear acmhainneachtaí níos fairsinge sa mhodúl 'brath agus sampláil cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach'.
(3) Faoi réir téarmaí ceadúnaithe leighis agus tréidliachta.

Cuardach agus tarrtháil meánmhéide i gceantair uirbeacha

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúraimí i gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG.<br>Íospartaigh (1) atá lonnaithe faoi smionagar (amhail foirgnimh a thit agus teagmhais iompair) a chuardach, a aimsiú agus a tharrtháil.<br>Garchabhair tharrthála a sholáthar de réir mar is gá, go dtí go n-aistreofar iad le haghaidh tuilleadh cóireála. |
| Acmhainneachtaí | I gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG, beidh sé de chumas ag an modúl an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>— cuardach a dhéanamh le madraí cuardaigh nó le trealamh cuardaigh teicniúil,<br>— tarrtháil, lena n-áirítear ardú,<br>— coincréit a ghearradh,<br>— rópa teicniúil;<br>— frapáil bhunúsach,<br>— brath agus leithlisiú ábhar guaiseach (2),<br>— ardtacaíocht beatha (3).<br>An cumas oibriú ar láthair amháin 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh 7 lá. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG.<br>Bainistíocht (ordú, idirchaidreamh/comhordú, pleanáil, na meáin/tuairisciú, measúnú/anailís, sábháilteacht/slándáil).<br>Cuardach (cuardach teicniúil agus/nó cuardach cainíneach, brath ábhar guaiseach, leithlisiú ábhar guaiseach).<br>Tarrtháil (briseadh agus sárú, gearradh, ardú agus bogadh, frapáil, rópa teicniúil).<br>Leigheas, lena n-áirítear cúram d'othair agus do phearsanra agus madraí cuardaigh na foirne (4). |
| Neamhthuilleamaíocht | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG. |
| Imscaradh | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG. |

(1) Taismeach beo.
(2) Acmhainneacht bhunúsach, áirítear acmhainneachtaí níos fairsinge sa mhodúl 'brath agus sampláil cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach'.
(3) Cúram othar (garchabhair agus cobhsú leighis) ó rochtain íospartach go haistriú íospartach.
(4) Faoi réir téarmaí ceadúnaithe leighis agus tréidliachta.

Cuardach agus tarrtháil throm i gceantair uirbeacha

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Cúraimí i gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG<br><br>Íospartaigh ([1]) atá lonnaithe faoi smionagar (amhail foirgnimh a thit agus teagmhais iompair) a chuardach, a aimsiú agus a tharrtháil.<br><br>Garchabhair tharrthála a sholáthar de réir mar is gá, go dtí go n-aistreofar iad le haghaidh tuilleadh cóireála. |
| Acmhainneachtaí | I gcomhréir iomlán le Treoirlínte INSARAG, beidh sé de chumas ag an modúl an méid seo a leanas a dhéanamh:<br><br>— cuardach a dhéanamh le madraí cuardaigh agus le trealamh cuardaigh teicniúil,<br>— tarrtháil, lena n-áirítear ardú trom,<br>— gearradh coincréit threisithe agus cruach struchtúrach,<br>— rópa teicniúil;<br>— ardfhrapáil,<br>— brath agus leithlisiú ábhar guaiseach ([2]),<br>— ardtacaíocht beatha ([3]).<br><br>An cumas a bheith ag obair 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar níos mó ná láthair amháin ar feadh 10 lá. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Comhlíontach go hiomlán le treoirlínte INSARAG.<br><br>Bainistíocht (ordú, idirchaidreamh/comhordú, pleanáil, na meáin/tuairisciú, measúnú/anailís, sábháilteacht/slándáil).<br><br>Cuardach (cuardach teicniúil, cuardach cainíneach, brath ábhar guaiseach, leithlisiú ábhar guaiseach).<br><br>Tarrtháil (briseadh agus sárú, gearradh, ardú agus bogadh, frapáil, rópa teicniúil).<br><br>Leigheas, lena n-áirítear cúram d'othair agus do phearsanra agus madraí cuardaigh na foirne ([4]). |
| Neamhthuilleamaíocht | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG |
| Imscaradh | Comhlíontach go hiomlán le Treoirlínte INSARAG |

([1]) Taismeach beo.
([2]) Acmhainneacht bhunúsach, áirítear acmhainneachtaí níos fairsinge sa mhodúl 'brath agus sampláil cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach'.
([3]) Cúram othar (garchabhair agus cobhsú leighis) ó rochtain íospartach go haistriú íospartach.
([4]) Faoi réir téarmaí ceadúnaithe leighis agus tréidliachta.

Cuardach agus tarrtháil sléibhe

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh i limistéir shléibhtiúla |
| Acmhainneachtaí | Cuardach a dhéanamh i dtimpeallachtaí sléibhtiúla (gach cineál limistéir laistigh den Eoraip), in ann tarrtháil a dhéanamh ag aon am sa lá agus tarrtháil theicniúil amháin a dhéanamh in aon am amháin;<br><br>In ann tarrtháil ingearach a dhéanamh i limistéir an-srianta. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Cúram leighis a sholáthar ar leibhéal ardtacaíochta beatha;<br><br>Córas cumarsáide a shuiteáil (gan sreang agus sreangaithe thar línte fada);<br><br>An cumas tacú le haon mhodúl eile a iarrann ardtacaíocht rópa theicniúil;<br><br>Bainistíocht (ordú, idirchaidreamh/comhordú, pleanáil, na meáin/tuairisciú, measúnú/anailís, sábháilteacht/slándáil);<br><br>Lóistíocht (Bunáit na nOibríochtaí, cothabháil agus soláthar, cumarsáid);<br><br>Cuardach (cuardach teicniúil, cuardach cainíneach, cuardach ladrainn);<br><br>Tarrtháil (tarrtháil sléibhe, tarrtháil i dtír-raon ingearach, tarrtháil maidhme sléibhe); |

| | |
|---|---|
| | Leigheas (cúram na foirne lena n-áirítear cainínigh agus íospartaigh a mbuailtear leo).<br>Foireann leordhóthanach. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag obair 24 uair sa lá ar feadh 7 lá. |

Cuardach agus tarrtháil pluaise

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh i spásanna faoi thalamh agus iata. Cuardach a dhéanamh i spás teoranta le trealamh cuardaigh teicniúil síos go doimhneacht 1 000 m (pluaiseanna).<br>Daoine a tharrtháil as spás teoranta le teicníc tarrthála rópa theicniúil aonair agus iad a iompar go cothrománach agus go ceartingearach síos go doimhneacht 1 000 m (pluaiseanna). |
| Acmhainneachtaí | Cuardach a dhéanamh i spás teoranta le trealamh cuardaigh teicniúil síos go doimhneacht 1 000 m (pluaiseanna);<br>Daoine a tharrtháil as spás teoranta le teicníc tarrthála rópa theicniúil aonair agus iad a iompar go cothrománach agus go ceartingearach síos go doimhneacht 1 000 m (pluaiseanna). |
| Príomh-chomhpháirteanna | Cúram leighis a sholáthar ar leibhéal ardtacaíochta beatha;<br>Córas cumarsáide a shuiteáil (gan sreang agus sreangaithe thar línte fada). Pléascadh teicniúil a dhéanamh i gcás pasáistí cúnga;<br>Trealamh sléibhteoireachta chun rochtain a fháil ar bhealach isteach na pluaise;<br>Cumas roghnach oibríochtaí tumadóireachta pluaise a dhéanamh i siofóin agus i dtimpeallachtaí uisce eile féideartha;<br>An cumas tacú le haon mhodúl eile a iarrann ardtacaíocht rópa theicniúil;<br>Bainistíocht (ordú, idirchaidreamh/comhordú, pleanáil, na meáin/tuairisciú, measúnú/anailís, sábháilteacht/slándáil);<br>Lóistíocht (Bunáit na nOibríochtaí, cothabháil agus soláthar, cumarsáid);<br>Cuardach agus tarrtháil pluaise (lena n-áirítear teicnící tarrthála rópa teicniúla le haghaidh iompar cothrománach agus ceartingearach);<br>Pearsanra leighis (cúram othar agus pearsanra foirne);<br>Foireann leordhóthanach. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag obair 24 uair sa lá ar feadh 7 lá. |

**Muirí**

Freagairt ar thruailliú cósta agus fionnuisce

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Truailliú a shrianadh agus truailleáin ar snámh a aisghabháil ó limistéir faoi uisce agus/nó uisce cósta nó fionnuisce chun líne chladaigh nó bruacha a chosaint. |

| | |
|---|---|
| Acmhainneachtaí | An cumas idirghabháil a dhéanamh go tapa chun dobharlaigh nó stráicí cósta/bruach a chosaint.<br>An cumas oiriúnú do láithreáin éagsúla (limistéar dromchla na trá, coinníollacha rochtana).<br>An cumas cineálacha agus cainníocht éagsúil truailleán (snámhóirí) a aisghabháil agus oiriúnú don ráta aslonnaithe dramhaíola.<br>An cumas dramhaíl a stóráil. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Coimeádáin a bhfuil cumraíocht trealaimh acu de réir na staide agus na riachtanas iarbhír.<br>Ardán oibre ilchuspóireach a bhfuil inneall beag transaim aige i gcoimeádán iompair.<br>Trealamh le haghaidh aisghabháil truaillithe in uisce cósta nó i bhfionnuisce (e.g. bacainní/tonnchoisc srianta cósta agus an trealamh tánaisteach is gá (ancairí, slabhraí, baoithe, rópaí), pacáistí cumhachta hiodrálaí, píobáin aistrithe hiodrálacha agus ola, scimíní éadroma agus/nó modúlacha, agus caidéil).<br>Acmhainneacht stórála dramhaíola (e.g. umair inleacaithe).<br>Trealamh sábháilteachta: TCP le haghaidh aisghabháil ola (e.g. rabhlaeir, lámhainní, buataisí, spéaclaí, clogaid, clúdaigh bróg, gairis, trealamh agus gabhálais dí-éillithe chun an limistéar a theorannú, córais soilsithe).<br>Trealamh cumarsáide.<br>Pearsanra ar cuireadh oiliúint orthu chun na cúraimí a chomhlíonadh. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas oibriú ar feadh tréimhse suas le 14 lá. |

**Dóiteán**

Modúl aerchomhraic dóiteáin foraoise agus úsáid á baint as héileacaptair

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Rannchuidiú le díothú dóiteán mór foraoise agus cothaitheach trí aerchomhrac dóiteán a dhéanamh. |
| Acmhainneachtaí | Héileacaptar amháin nó níos mó ag a bhfuil toilleadh iomlán 3 000 lítear, i gcás nach dtiteann aon héileacaptar aonair faoi thoilleadh 1 000 lítear.<br>An cumas oibríochtaí leanúnacha a dhéanamh. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Héileacaptar amháin nó níos mó ina bhfuil criú nó criúnna.<br>Foireann theicniúil.<br>Buicéid uisce nó trealamh scaoilte.<br>Tacar cothabhála amháin.<br>Tacar páirteanna breise amháin.<br>Dhá ardaitheoir tarrthála.<br>Trealamh cumarsáide. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(1), pointí (f) agus (g). |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 3 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

Modúl aerchomhraic dóiteáin foraoise agus úsáid á baint as eitleáin

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Rannchuidiú le díothú dóiteán mór foraoise agus cothaitheach trí aerchomhrac dóiteán a dhéanamh. |
| Acmhainneachtaí | Dhá eitleán ag a bhfuil toilleadh 3 000 lítear ar a laghad an ceann.<br>An cumas oibríochtaí leanúnacha a dhéanamh. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Dhá eitleán.<br>Ceithre chriú ar a laghad.<br>Foireann theicniúil.<br>Trealamh cothabhála allamuigh.<br>Trealamh cumarsáide. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12(1), pointí (f) agus (g). |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 3 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

Comhrac dóiteáin foraoise ar talamh

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Rannchuidiú le díothú dóiteán mór foraoise agus cothaitheach trí mhodhanna talún a úsáid. |
| Acmhainneachtaí | Acmhainní daonna leordhóthanacha le haghaidh oibríochtaí leanúnacha ar feadh seacht lá.<br>An cumas oibriú i limistéir a bhfuil rochtain theoranta orthu.<br>An cumas línte fada píobáin a shocrú le caidéil, 2 km ar a laghad, agus/nó línte cosanta a dhéanamh go leanúnach. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Comhraiceoirí dóiteáin ar cuireadh oiliúint orthu chun an cúram thuasluaite a chomhlíonadh agus oiliúint bhreise sábháilteachta agus slándála agus na cineálacha éagsúla dóiteán a bhféadfaí an modúl a imscaradh lena n-aghaidh á gcur san áireamh.<br>Uirlisí láimhe chun línte cosanta a dhéanamh.<br>Píobáin, umair inaistrithe agus caidéil chun líne a bhunú.<br>Cuibheoirí le haghaidh nasc píobáin lena n-áirítear caighdeán Storz.<br>Málaí droma uisce.<br>Trealamh a d'fhéadfadh héileacaptar a ísliú le rópa nó le hunlas.<br>Ní mór nósanna imeachta aslonnaithe do na comhraiceoirí dóiteáin a shocrú leis an stát is faighteoir. |
| Neamhthuilleamaíocht | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 6 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag obair go leanúnach le linn 7 lá. |

Comhrac dóiteán foraoise ar talamh agus úsáid á baint as feithiclí

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Rannchuidiú le díothú dóiteán mór foraoise agus cothaitheach trí fheithiclí a úsáid. |
| Acmhainneachtaí | Acmhainní daonna agus feithiclí leordhóthanacha le haghaidh oibríochtaí leanúnacha a bhfuil 20 comhraiceoir dóiteáin ar a laghad i gceist leis tráth ar bith. |
| Príomh-chomhpháirteanna | Comhraiceoirí dóiteáin ar cuireadh oiliúint orthu chun an cúram thuasluaite a chomhlíonadh.<br>Ceithre fheithicil a bhfuil cumas eisbhóthair acu. |

| | |
|---|---|
| Neamhthuilleamaíocht | Toilleadh umair gach feithicle de 2 000 lítear ar a laghad.<br>Cuibheoirí le haghaidh nasc píobáin lena n-áirítear caighdeán Storz. |
| Imscaradh | Tá feidhm ag Airteagal 12. |
| | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 6 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh.<br>An cumas a bheith ag obair go leanúnach le linn 7 lá.<br>Imscaradh ar tír nó ar muir. Ní rogha é imscaradh d'aer ach i gcásanna a bhfuil údar maith leo. |

**Foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta (FCTT)**

Ceanglais ghinearálta maidir le foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta

| | |
|---|---|
| Cúraimí | Soláthair na nithe seo a leanas nó socraigh dóibh:<br>— tacaíocht chun oifig a chur ar bun agus a reáchtáil,<br>— tacaíocht TFC,<br>— tacaíocht lóistíochta agus chothaithe,<br>— tacaíocht iompair ar an láthair. |
| Acmhainneachtaí | A bheith in ann cúnamh a thabhairt d'fhoireann measúnaithe, comhordaithe agus/nó ullmhachta, do lárionad comhordúcháin oibríochtaí ar an láthair, nó in ann a bheith comhcheangailte i modúl cosanta sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 12(2). |
| Príomh-chomhpháirteanna | Na comhpháirteanna tacaíochta seo a leanas, lenar féidir feidhmeanna uile an lárionaid comhordúcháin oibríochtaí ar an láthair a chomhlíonadh, agus treoirlínte idirnáisiúnta aitheanta á gcur san áireamh, amhail treoirlínte na Náisiún Aontaithe:<br>— tacaíocht chun oifig a chur ar bun agus a reáchtáil,<br>— trealamh tacaíochta TFC,<br>— trealamh tacaíochta lóistíochta agus cothaithe,<br>— tacaíocht iompair ar an láthair.<br>Beifear in ann na comhpháirteanna a roinnt ina n-aonaid éagsúla chun solúbthacht a áirithiú agus iad á n-oiriúnú do riachtanais idirghabhála sonraí. |
| Imscaradh | Infhaighteacht chun imeachta laistigh de 12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh. |

*IARSCRÍBHINN III*

**SPRIOCANNA ACMHAINNEACHTA DECS**

Modúil

| Modúl | An líon modúl atá ar fáil go comhuaineach lena n-imscaradh |
|---|---|
| LIGHT USAR (Cuardach agus tarrtháil éadrom i gceantair uirbeacha) | 3 |
| MEDEVAC HID (Aslonnú aerleighis othar a bhfuil galar an-tógálach orthu) | 2 |
| CHP (Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha) | 2 |
| EES (Soláthar Fuinnimh Éigeandála) | 2 |
| T&L (Iompar agus lóistíocht) | 2 |
| Freagairt ar thruailliú cósta agus fionnuisce | 2 |
| Cuardach agus tarrtháil sléibhe | 3 |
| Cuardach agus tarrtháil pluaise | 3 |
| Dí-éilliú CBRN | 2 |
| Acmhainneacht droichead | 2 |
| HCP (Caidéalú ardtoillte) | 20 |
| MUSAR (Cuardach agus tarrtháil meánmhéide i gceantair uirbeacha — ceann le haghaidh dálaí fuara) | 4 |
| WP (Íonú uisce) | 6 |
| FFFP (Modúl aerchomhraic dóiteáin foraoise agus úsáid á baint as eitleáin) | 2 |
| ES (Dídean éigeandála) | 4 |
| HUSAR (cuardach agus tarrtháil throm i gceantair uirbeacha) | 4 |
| CBRNDET (Brath agus sampláil CBRN) | 6 |
| GFFF (Comhrac dóiteáin foraoise ar talamh) | 4 |
| GFFF-V (Comhrac dóiteán foraoise ar talamh agus úsáid á baint as feithiclí) | 15 |
| CBRNUSAR (Cuardach agus tarrtháil faoi dhálaí CBRN) | 2 |
| FC (Srianadh tuilte) | 2 |
| FRB (Tarrtháil tuilte agus úsáid á baint as báid) | 2 |
| MEDEVAC (Aslonnú aerleighis íospartach tubaiste) | 2 |
| FFFH (Modúl aerchomhraic dóiteáin foraoise agus úsáid á baint as héileacaptair) | 2 |
| EMT chineál 1, seasta (Foireann leighis éigeandála chineál 1: Cúram Éigeandála d'Othair Sheachtracha — seasta) | 15 |
| EMT chineál 1, soghluaiste (Foireann leighis éigeandála chineál 1: Cúram Éigeandála d'Othair Sheachtracha — soghluaiste) | 6 |

| Modúl | An líon modúl atá ar fáil go comhuaineach lena n-imscaradh |
|---|---|
| EMT chineál 2 (Foireann leighis éigeandála chineál 2: Cúram Éigeandála Máinliachta Othair Chónaithigh) | 6 |
| EMT chineál 3 (Foireann leighis éigeandála chineál 3: Cúram Atreoraithe Othair Chónaithigh) | 1 |

Foirne Cúnaimh Theicniúil agus Tacaíochta

| Foireann Cúnaimh Theicniúil agus Tacaíochta | Sprioc |
|---|---|
| FCTT (Foireann Cúnaimh Theicniúil agus Tacaíochta) | 2 |

Acmhainneachtaí Freagartha Eile

| Acmhainneacht freagartha eile | An líon acmhainneachtaí freagartha eile atá ar fáil go comhuaineach lena n-imscaradh |
|---|---|
| Foirne Measúnaithe Dó (BAT) | 2 |
| Iompar agus Lóistíocht (foirmíochtaí neamh-aerga) | 2 |
| Truailliú a bhrath (ar muir, ar líne an chladaigh, i ndobharlaigh intíre) | 2 |
| Freagairt ar thruailliú ar líne an chladaigh agus i ndobharlaigh intíre (aisghabháil truaillithe ar talamh, bainistiú dramhaíola agus freagairt ar fhiadhúlra atá smeartha le hola) | 2 |
| Soláthairtí fóirithinte agus cineálacha eile cúnaimh chomhchineáil | De réir mar is gá |
| Foirne cuardaigh agus tarrthála uisce | 2 |
| Foirne a bhfuil saintrealamh cuardaigh agus tarrthála acu, e.g. róbait chuardaigh | 2 |
| Córais aerárthaí cianrialaithe (RPAS) | 2 |
| Foirne um fhreagairt ar theagmhais mhuirí (MIRG) | 2 |
| Foirne innealtóireachta struchtúr chun measúnuithe damáiste agus sábháilteachta a dhéanamh, breithmheas a dhéanamh ar fhoirgnimh atá le scartáil/le deisiú, measúnú a dhéanamh ar bhonneagar, frapáil ghearrthéarmach | 2 |
| Tacaíocht aslonnaithe: lena n-áirítear foirne le haghaidh bainistiú faisnéise agus lóistíochta | 2 |
| Comhrac dóiteáin: foirne comhairleacha/measúnaithe | 2 |
| Saotharlanna soghluaiste le haghaidh éigeandálaí comhshaoil | 2 |
| Foirne nó ardáin chumarsáide chun cumarsáid a athbhunú go tapa i limistéir iargúlta | 2 |
| Scairdeitleáin Aslonnaithe Leighis, Aerárthach Othair agus Héileacaptar Aslonnaithe Leighis ar leithligh do laistigh den Eoraip nó ar fud an domhain | 2 |

| Acmhainneacht freagartha eile | An líon acmhainneachtaí freagartha eile atá ar fáil go comhuaineach lena n-imscaradh |
|---|---|
| Acmhainneacht Dídine Breise: aonaid do 250 duine (50 puball); lena n-áirítear aonad neamhthuilleamaíochta le haghaidh na foirne láimhseála | 100 |
| Freagairt ar thruailliú ar muir (amach ón gcósta, trealamh trom, árthaí aisghabhála) | 2 |
| Foirne leighis éigeandála le haghaidh cúram speisialaithe | 8 |
| Saotharlanna bithshábháilteachta soghluaiste | 4 |
| Acmhainneacht sheasta innealtóireachta | 2 |
| Acmhainneachtaí freagartha eile is gá chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sainaitheanta | de réir mar is gá |

*IARSCRÍBHINN IV*

## PRÓIFÍLÍ SAINEOLAITHE TEICNIÚLA

**Cnuasach Comhshaoil**

1. Saineolaí Dóiteán Foraoise
2. Saineolaí Comhshaoil
3. Saineolaí Freagartha ar Thruailliú Muirí
4. Saineolaí Bainistithe Dramhaíola

**Cnuasach Sláinte/CBRN**

5. Saineolaí Uisce, Sláintíochta agus Sláinteachais
6. Saineolaí Eipidéimeolaíochta/Sláinte Poiblí
7. Comhordaitheoir Sláinte
8. Saineolaí CBRN

**Cnuasach Cothrománach**

9. Saineolaí Iompair agus Lóistíochta
10. Saineolaí Oidhreachta Cultúrtha
11. Saineolaí Innealtóireachta Struchtúr

**Cnuasach Geolaíoch**

12. Geolaí/Bolcáneolaí
13. Saineolaí Measúnaithe Dambaí
14. Seismeolaí

**Cnuasach Dídine**

15. Saineolaí Innealtóireachta Sibhialta
16. Pleanáil Láithreán

*IARSCRÍBHINN V*

**PRÓISEAS DEIMHNIÚCHÁIN AGUS CLÁRÚCHÁIN LE hAGHAIDH ACMHAINNEACHTAÍ DECS AGUS rescEU**

**FAISNÉIS RIACHTANACH**

Áireofar na heilimintí seo a leanas leis an bhfaisnéis riachtanach a sholáthrófar chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú agus ar chlárú [nós imeachta] modúil ar leith, ar acmhainneacht freagartha eile (cé is moite de sholáthairtí fóirithinte) nó ar fhoireann cúnaimh theicniúil agus tacaíochta in DECS, agus aon fhaisnéis eile a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach:

1. féinmheasúnú lena mbunaítear go gcomhlíonann na modúil agus na foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta na ceanglais a bhunaítear don chineál sin acmhainneachta freagartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II nó, i gcás acmhainneachtaí freagartha eile, leis an bhfaisnéis ábhartha;
2. bileog eolais maidir leis an acmhainneacht freagartha (bileoga eolais CECIS);
3. deimhniú na socruithe is gá a chuirtear i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an t-údarás ábhartha agus na pointí teagmhála náisiúnta in ann iarrataí ar imscaradh a láimhseáil gan mhoill maidir lena n-acmhainneachtaí freagartha atá cláraithe in DECS;
4. deimhniú go ndearnadh na bearta uile is gá, lena n-áirítear na socruithe maoiniúcháin is gá, chun a áirithiú gur féidir an acmhainneacht freagartha atá cláraithe in DECS a imscaradh láithreach tar éis cuireadh a fháil ón gCoimisiún imscaradh a dhéanamh;
5. fad beacht an réamhghealltanais in DECS (bliain amháin ar a laghad, agus Airteagal 19 á chur san áireamh más rud é gur dámhadh deontas oiriúnaithe)
6. faisnéis maidir leis an uas-am slógtha ráthaithe (12 uair an chloig ar a mhéad tar éis an tairiscint a ghlacadh, mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn II);
7. suíomh geografach na sócmhainne, suíomh táscach an tslógtha (aerfort, mar shampla), gnáthraon feidhme geografach an imscartha, mar aon le srianta geografacha, más ann dóibh;
8. Nósanna Imeachta Oibríochta caighdeánacha na hacmhainneachta freagartha;
9. an fhaisnéis ábhartha uile maidir le láimhseáil iompair, amhail tomhais, meáchain, srianta eitilte, etc., na modhanna iompair is fearr; más ábhartha: rochtain ar chalafoirt;
10. aon srian eile nó aon dáil imscartha intuartha eile;
11. 'Comhad Taithí', ina bhfuil achoimre ar imscarthaí na hacmhainneachta freagartha roimhe sin; rannpháirtíocht i gcleachtaí Shásra an Aontais, oiliúint na bpríomhphearsanra (Ceannaire Foirne, Leascheannaire Foirne, eile) trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, comhlíontacht caighdeán idirnáisiúnta i gcás inarb ábhartha (mar shampla, INSARAG, EDS, IFRC);
12. féinmheasúnú ar riachtanais oiriúnaithe agus ar chostais ghaolmhara;
13. an fhaisnéis teagmhála uile is gá.

**PRÓISEAS DEIMHNIÚCHÁIN**

1. Leis an bpróiseas deimhniúcháin le haghaidh modúl, acmhainneachtaí freagartha eile cé is moite de sholáthairtí fóirithinte agus foirne cúnaimh theicniúil agus tacaíochta, áireofar cuairt chomhairleach, rannpháirtíocht i gcleachtadh boird, agus rannpháirtíocht i gcleachtadh allamuigh. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an ceanglas maidir le rannpháirtíocht i gcleachtadh allamuigh le haghaidh acmhainneachtaí freagartha a tharscaoileadh, nuair a chomhlíontar critéir chomhaontaithe, mar a shainítear sna treoirlínte deimhniúcháin.

2. Measfar foirne Cuardaigh agus Tarrthála i gCeantair Uirbeacha a bheith deimhnithe má tá Aicmiú Seachtrach INSARAG curtha i gcrích acu agus má tá an t-aicmiú sin fós bailí. Ní cheanglófar aon phróiseas deimhniúcháin breise d'fhoirne Cuardaigh agus Tarrthála i gCeantair Uirbeacha faoi DECS.

3. Measfar Foirne Leighis Éigeandála (cineálacha 1, 2, 3 agus foirne cúraim speisialaithe) a bheith deimhnithe má tá aicmiú na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) curtha i gcrích acu agus má tá an deimhniú sin fós bailí. Ní cheanglófar aon phróiseas deimhniúcháin breise d'Fhoirne Leighis Éigeandála faoi DECS.

4. Measfar saotharlanna bithshábháilteachta soghluaiste a bheith deimhnithe má tá próiseas aitheantais na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) le haghaidh Saotharlanna Soghluaiste Mearfhreagartha curtha i gcrích acu agus má tá an t-aitheantas fós bailí. Ní cheanglófar aon phróiseas deimhniúcháin breise do shaotharlanna bithshábháilteachta soghluaiste faoi DECS.

5. Comhlíonfaidh ceanglais cháilíochta maidir le soláthairtí fóirithinte faoi DECS rialacháin nó caighdeáin ábhartha an Aontais nó rialacháin nó caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta. Iarrfar ar an údarás inniúil ábhartha dearbhú foirmiúil nó fianaise thacaíochta a chur isteach. Ba cheart soláthairtí fóirithinte a ghealladh do DECS ar feadh íostréimhse sé mhí nó ar feadh fhad a seilfré, nach mbeidh níos lú ná sé mhí.

6. Cuirtear i láthair leis na treoirlínte an nós imeachta mionsonraithe agus na huirlisí chun modúil, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT a dheimhniú agus a chlárú. Is é Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le hAcmhainneachtaí a fhormheasann na treoirlínte deimhniúcháin.

7. Cuirtear i láthair leis na treoirlínte an nós imeachta mionsonraithe agus na huirlisí chun saineolaithe a dheimhniú, a chlárú agus a roghnú. Is é Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le hAcmhainneachtaí a fhormheasann na treoirlínte.

8. Cuirtear i láthair leis na treoirlínte an nós imeachta mionsonraithe agus na huirlisí chun modúil, acmhainneachtaí freagartha eile agus FCTT a athdheimhniú agus a chlárú. Is é Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le hAcmhainneachtaí a fhormheasann na treoirlínte maidir le hathdheimhniú.

**CLÁRÚ**

Beidh na Ballstáit freagrach as acmhainneachtaí a iontráil in CECIS tar éis dóibh faisnéis a fháil ón gCoimisiún faoi chur i gcrích an nós imeachta deimhniúcháin agus faoi chlárú na n-acmhainneachtaí in DECS.

*IARSCRÍBHINN VI*

## EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA ÁBHARTHA

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE:.

1. An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM)
2. Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC)
3. An Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW)
4. An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA)

*IARSCRÍBHINN VII*

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Cinneadh 2014/762/AE | Cinneadh (AE) 2019/1310 | An Cinneadh seo |
|---|---|---|
| Airteagal 1 | | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | | Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | | Airteagal 4 |
| Airteagal 5 | | Airteagal 5 |
| Airteagal 6 | | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | | Airteagal 7 |
| Airteagal 8 | | Airteagal 8 |
| Airteagal 9 | | Airteagal 9 |
| Airteagal 10 | | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | | Airteagal 12 |
| Airteagal 13 | | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 | | Airteagal 14 |
| Airteagal 15 | | - |
| Airteagal 16 | | Airteagal 15<br>Airteagal 16 |
| Airteagal 17 | | - |
| Airteagal 18 | | Airteagal 20 |
| Airteagal 19 | | Airteagal 21 |
| Airteagal 20 | | Airteagal 22 |
| Airteagal 21 | | Airteagal 23 |
| Airteagal 22 | | - |
| Airteagal 23 | | - |
| Airteagal 24 | | - |
| Airteagal 25 | | - |
| Airteagal 26(1)<br>Airteagal 26(2) | | Airteagal 24(1)<br>Airteagal 24(2) |
| Airteagal 27 | | Airteagal 26 |
| Airteagal 28(1) | | - |
| Airteagal 28(2) | | Airteagal 27 |
| Airteagal 28(3) | | - |
| Airteagal 29 | | Airteagal 29 |
| Airteagal 30 | | - |
| Airteagal 31 | | Airteagal 24(5) |
| Airteagal 32(1) | | Airteagal 24(1)<br>Airteagal 24(2) |

| Cinneadh 2014/762/AE | Cinneadh (AE) 2019/1310 | An Cinneadh seo |
|---|---|---|
| Airteagal 32(2) | | - |
| Airteagal 32(3) | | Airteagal 28(2) |
| Airteagal 32(4) | | Airteagal 24(3) |
| Airteagal 32(5) | | - |
| Airteagal 33(1) | | Airteagal 31(1) |
| Airteagal 33(2) | | - |
| Airteagal 33(3) | | Airteagal 31(2) |
| Airteagal 34(1)<br>Airteagal 34(2) | | Airteagal 32(1)<br>Airteagal 32(2) |
| Airteagal 34(3) | | - |
| Airteagal 34(4) | | - |
| Airteagal 35 | | Airteagal 35 |
| Airteagal 36 | | Airteagal 39 |
| Airteagal 37 | | Airteagal 40 |
| Airteagal 38 | | Airteagal 42 |
| Airteagal 39(1)<br>Airteagal 39(2) | | Airteagal 43 |
| Airteagal 39(3) | | Airteagal 45(1) |
| Airteagal 39(4) | | Airteagal 44 |
| Airteagal 40 | | Airteagal 46 |
| Airteagal 41 | | Airteagal 47 |
| Airteagal 42 | | Airteagal 48 |
| Airteagal 43 | | Airteagal 49 |
| Airteagal 44 | | Airteagal 50 |
| Airteagal 45 | | Airteagal 51 |
| Airteagal 46 | | Airteagal 52 |
| Airteagal 47 | | Airteagal 53(2) |
| Airteagal 48(1) | | Airteagal 53(1) |
| Airteagal 48(2) | | Airteagal 54(1) |
| Airteagal 48(3) | | Airteagal 54(10) |
| Airteagal 48(4) | | - |
| Airteagal 48(5) | | 54(1) |
| Airteagal 48(6) | | 54(3) |
| Airteagal 49(1) | | Airteagal 54(4) |
| Airteagal 49(2) | | Airteagal 54(5) |
| Airteagal 49(3) | | Airteagal 54(2) |
| Airteagal 50(1)<br>Airteagal 50(2)<br>Airteagal 50(5) | | - |
| Airteagal 50(3) | | Airteagal 54(6) |

| Cinneadh 2014/762/AE | Cinneadh (AE) 2019/1310 | An Cinneadh seo |
|---|---|---|
| Airteagal 50(4) | | Airteagal 54(7) |
| Airteagal 51(1) | | Airteagal 53(1) |
| Airteagal 51(2) | | - |
| Airteagal 51(3) | | Airteagal 53(4) |
| Airteagal 52 | | - |
| Airteagal 53(1)(a)<br>Airteagal 53(1)(b)<br>Airteagal 53(1)(c)<br>Airteagal 53(1)(d)<br>Airteagal 53(1)(e)<br>Airteagal 53(1)(g)<br>Airteagal 53(2)<br>Airteagal 53(3)<br>Airteagal 53(4) | | Airteagal 55 |
| Airteagal 53(1)(f) | | - |
| Airteagal 53(5) | | Airteagal 53(3) |
| Airteagal 54 | | - |
| Airteagal 55 | | Airteagal 56 |
| Airteagal 56 | | Airteagal 57 |
| Airteagal 57 | | Airteagal 58 |
| Airteagal 58 | | Airteagal 59 |
| Iarscríbhinn I | | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn IV | | - |
| Iarscríbhinn V | | Iarscríbhinn V |
| Iarscríbhinn VI | | - |
| Iarscríbhinn VII | | Iarscríbhinn VI |
| Iarscríbhinn VIII | | - |
| Iarscríbhinn IX | | Iarscríbhinn VII |
| | Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| | Airteagal 2 | Airteagal 19 |
| | Airteagal 3 | Airteagal 34 |
| | Airteagal 4 | Airteagal 41 |
| | Airteagal 5 | Airteagal 35 |
| | Airteagal 6 | Airteagal 37 |
| | Airteagal 7 | - |
| | Airteagal 8 | Airteagal 38 |
| | Airteagal 9 | Airteagal 46 |
| | Airteagal 10 | Airteagal 17 |

| Cinneadh 2014/762/AE | Cinneadh (AE) 2019/1310 | An Cinneadh seo |
|---|---|---|
| | Airteagal 11 | - |
| | Airteagal 12 | Airteagal 44 |
| | Airteagal 13 | Airteagal 59 |